



An Roinn Forbartha Tuaithe
agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community
Development and the Gaeltacht



Líonraí
Rannpháirtíochta
Pobail
Éireann

Líonraí Rannpháirtíochta Pobail

Tuarascáil Bhliantúil 2024



Léargas ar an mbliain 2024



An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht



Lionraí Rannpháirtíochta Pobail Éireann

20,421

GRÚPA COMHALTAIS



16,383

Grúpa Pobail agus Deonach

3,217

Grúpa Cuimsithe Shóisialta

817

Grúpa Comhshaoil



Lionraí Rannpháirtíochta Pobail Éireann

Bliain thábhachtach a bhí in 2024 do na Lionraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna) toisc go rabhtas ag comóradh

10 mbliana i mbun oibre



Bliain den athrú agus den athnuachan a bhí in 2024 freisin do thírdhreach polaitíochta na hÉireann agus **reachtáladh toghcháin áitiúla, Eorpacha agus náisiúnta.**

Bhí

834

IONADAÍ LRP

ina suí ar **341** bord agus coiste ag tabhairt guth an phobail chuig an mbord cinnteoireachta.



Lean imeachtaí domhanda

de thionchar a imirt go háitiúil in 2024 agus bhí teaghlaigh fós ag dul i ngleic le costais a bhí ag dul i méid, agus ba iad na teaghlaigh ar an ioncam is ísle ba mhó a bhí thíos leis. Le leibhéil níos airde den choimhlint agus anord aeráide ar fud an domhain, tá níos mó daoine ag bogadh, lena n-áirítear níos mó daoine ag bogadh go hÉirinn. Mar thoradh air sin go léir, tá méadú tagtha ar an teannas agus tá tionchar aige ar an gcomhtháthú sóisialta inár bpobail.



Mar is gnách, bhí an earnáil Pobail agus Dheonach ina cuid rithábhachtach den fhreagra náisiúnta a tugadh ar na saincheisteanna sin ag leibhéal áitiúil lena leagadh béim arís agus arís eile ar chomh riachtanach agus rithábhachtach is atá an earnáil Pobail agus Dheonach.

Bhí eolas áitiúil rithábhachtach.



Bhí na toghcháin áitiúla ar siúl i mBealtaine 2024, rud a d'fhág gur ghá Coistí um Beartais Straitéiseacha a sheasamh a scor agus a athbhunú ina dhiaidh sin.

Bhí teagmháil leanúnach ann le grúpaí comhaltais, ag cinntiú gur scaipeadh faisnéis ríthábhachtach go forleathan.



D'óstáil LRP Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an 6ú Comhdháil Náisiúnta de chuid an Líonra Rannpháirtíochta Pobail i mí Dheireadh Fómhair.

B'ionann imeacht na bliana seo agus comóradh 10 mbliana ar bhunú na LRPanna ar fud na hÉireann. Cuireadh fáilte le linn na comhdhála roimh 160 toscaire a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí pobail agus deonacha, eagraíochtaí cuimsithe shóisialta agus comhshaoil ó gach cearn den tír, in éineacht le hoifigigh údaráis áitiúil, ionadaithe tofa, agus daoine eile a thacaíonn le hobair LRPanna. Rinne téama chomhdháil na bliana seo, 'Comhoibriú le haghaidh Pobail Athléimneacha,' ceiliúradh ar na comhpháirtíochtaí riachtanacha is gá chun cláir rialtais a chur i gcrích ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon. Tá 'ról ríthábhachtach ag na LRPanna maidir leis an gcomhar sin a éascú trí ionadaithe a sholáthar ar choistí agus ar ghrúpaí stiúrtha, trí eolas a roinnt, trí chur le hacmhainneach, agus trí thacaíocht a thairiscint'.¹



Foilsíodh Treochlár Forfheidhmiúcháin LRP i mí Iúil 2024. Is í Meitheal an Treochláir, a bhí comhdhéanta de pháirtithe leasmhara LRP, lena n-áirítear oibrithe deonacha agus baill foirne PPN, grúpaí na sochaí sibhialta, CCMA agus ranna rialtais ábhartha, a dhréachtaigh é. Leagtar amach sa Treochlár gníomhaíochtaí inbhraite chun LRPanna a neartú agus chun cur ar a gcumas na cuspóirí foriomlána a leagtar amach dóibh sa *Tuarascáil ón nGrúpa Oibre 2014 maidir le Rannpháirtíocht na Saoránach leis an Rialtas Áitiúil* a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.

Lean na LRPanna orthu á gcur féin in oiriúint mar fhreagra ar na hathruithe a tháinig ar a bpobail agus ag forbairt réitigh nuálacha ag baint úsáid as cur chuige ón mbun aníos i ndáil le réiteach fadhbanna.

Tá comhairliúcháin fós ina gcuid ríthábhachtach d'obair an LRP agus bhí siad ar siúl thar réimse leathan ábhar.



Tá na LRPanna fós ag déanamh
**féirdhifríocht do na pobail
ar a bhfreastalaíonn siad.**

¹ <https://www.limerickppn.ie/national-ppn-conference-2024/>

Clár

Léargas ar an mbliain 2024	2
Réamhrá ón Aire Stáit le freagracht as Forbairt Pobail agus Carthanas, an Teachta Dála Jerry Buttimer	6
Réamhfhocal ó Chathaoirleach Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP), Jake Ryan	7
Réamhrá	8
Ról an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta	9
Modheolaíocht	10
Gluais Téarmaí	11
Líonraí Rannpháirtíochta Pobail – 2024	15
Guthanna Pobail a Mhéadú	16
Machnamh a Dhéanamh ar Riachtanais an Phobail	17
Cuimsiú Pobail a Spreagadh	18
Gníomhú Pobail ar son na hAeráide a Chumasú	19
Aitheantas a thabhairt do Dhúshláin an Phobail	20
Cuid 1: Comhaltas	21
Cuid 2: Ionadaíocht agus Cinnteoireacht	23
Fís d’Fholláine an Phobail	24
Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Cinnteoireachta	24
Tacaíochtaí d’Ionadaithe LRP	24
Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha	25
Ionadaithe Ceantair Bhardasacha	26
Cuid 3: Oiliúint agus Forbairt Acmhainne	27
Oiliúint a cuireadh ar fáil do na LRPanna	29
Oiliúint ar Líne do Pháirtithe Leasmhara le haghaidh LRPanna	29

Cuid 4: Bainistíocht, Riarachán agus Airgeadas	31
Cruinnithe	31
Struchtúr na LRPanna	32
Comhoibriú Idirghníomhaireachta	33
Cuimsiú Sóisialta	39
Cuid 5: Ag Obair leis an Údarás Áitiúil	45
Comhairliúcháin an Údaráis Áitiúil	47
Réimsí Sonracha Comhoibrithe	47
Cáilitheacht le haghaidh Deontais	48
Oiliúint agus Ionduchtú ag Údaráis Áitiúla	48
Aguisín 1: Sonraí Teagmhála LRP (Lúnasa 2025)	49
Aguisín 2: Forléargas ar Ghníomhaíocht LRP in 2024	52
Aguisín 3: Tionchair an LRP in 2024	54
Aguisín 4: Samplaí de Chomhairliúcháin Rathúla in 2024	61



Réamhrá

**ón Aire Stáit le freagracht as Forbairt
Pobail agus Carthanas, an Teachta Dála
Jerry Buttimer**

Is cúis áthais dom an 9ú Tuarascáil Bhliantúil ar obair na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a chur i láthair. Ba bhliain an-speisialta í 2024 do phobal na LRPanna de bhrí gur cheiliúir muid cloch mhíle shuntasach, comóradh 10 mbliana ó bunaíodh LRPanna.

Faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, den chéad uair i stair an Stáit, bhí reachtaíocht mar bhonn ag rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas rialtais áitiúil. De bharr na reachtaíochta sin, bunaíodh LRPanna arbh é a bpríomhról rannpháirtíocht agus ionadaíocht na bpobal ar chomhlachtaí cinnteoireachta áitiúla a éascú ar bhealach ceart, cothrom agus trédhearcach. Faoi dheireadh 2024, ba é 20,421 líon na ngrúpaí LRP ar fud na tíre, éacht suntasach agus léiriú ar an obair chrua agus ar bhur ndúthracht go léir le deich mbliana anuas.

Agus muid ag féachaint siar ar dheich mbliana dul chun cinn, is léir go bhfuil tionchar buan ag na LRPanna. Neartaítear rannpháirtíocht, cothaítear comhoibriú agus déantar caidreamh a fhorbairt idir pobail agus a nÚdarás Áitiúil. Léiríonn tuarascáil na bliana seo samplaí iontacha den obair chomhoibríoch seo i ngníomh agus leagann sé béim ar thiomantas leanúnach gach LRP chun forbairt agus fás ar mhaithe lena bpobal.

In 2024, d'fhoilsigh an Roinn 'Treochlár Cur Chun Feidhme LRP'. Doiciméad ríthábhachtach ina leagtar amach treo LRPanna amach anseo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill Ghrúpa Oibre an Treochláir a d'oibrigh go dian air sin. Teastaíonn tacaíocht ó pháirtithe leasmhara uile LRP do chéim chur chun feidhme an tionscadail seo agus is féidir linn an oiread sin a bhaint amach nuair a oibrímid le chéile go comhoibríoch.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd go léir a chuir leis an LRP in 2024 agus le deich mbliana anuas. Baill na Rúnaíochta, na hIonadaithe, na hoibrithe deonacha agus an fhoireann a chuireann an obair seo ar fáil. Tá a fhios agam go bhfuil go leor daoine ann a raibh baint acu leis an tionscadal ón tús. Tá súil agam go bhfuil sibh thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach agaibh le deich mbliana anuas.

Agus muid ag breathnú ar an todhchaí, tá mo Roinn tiomanta go hiomlán do thacú le forbairt leanúnach na LRPanna. Leanaimis orainn ag obair le chéile ar ár gcuspóir coiteann, chun a chinntiú go bhfuil struchtúir LRP ar an gcaighdeán is fearr is féidir chun daonlathas rannpháirteach inbhuanaithe agus rannpháirtíocht áitiúil a chumasú go hiomlán ar fud na hÉireann.

Fad saoil ag an tionscadal seo.

Míle Buíochas,

An Teachta Dála Jerry Buttimer

An tAire Stáit
le freagracht as Forbairt Pobail agus Carthanas

Réamhfhocal

ó Chathaoirleach Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP), Jake Ryan

Bliain cheiliúrtha ba ea 2024 de bhrí gur comóradh 10 mbliana ó bunaíodh LRPanna. Ba in 2014 a mhol an Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht na Saoránach leis an Rialtas Áitiúil go mbunófaí Líonra do ghrúpaí pobail i ngach ceann de na 31 ceantar Údaráis Áitiúil in Éirinn, agus ritheadh an reachtaíocht chumasúcháin.

Le deich mbliana anuas tá na LRPanna imithe ó neart go neart, agus iad ag tabhairt guth do phobail áitiúla i mbeartas an rialtais áitiúil. In 2024, chuir na LRPanna ar chumas 834 Ionadaí suí ar bhoird agus ar choistí ar fud na tíre. Ba chóir do na LRPanna a bheith bródúil as an méid atá bainte amach acu, ó na laethanta tosaigh sin in 2014.

Tháinig muid le chéile chun comóradh deich mbliana na LRPanna a cheiliúradh ag Comhdháil bhliantúil LRPanna i Luimneach i mí Dheireadh Fómhair 2024. D'óstáil LRP Luimnigh i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ócáid iontach a mhair dhá lá. Bhí an téama “Comhoibriú le haghaidh Pobail Athléimneacha” i gcroílár na hócáide. Léiríodh obair an-luachmhar na LRPanna trí chur i láthair agus trí cheardlanna, agus bhí deis ag an lucht freastail cuairt a thabhairt ar chuid de thionscadail ghrúpa bhaill Luimnigh.

Foilsíodh ‘Treochlár Forfheidhmiúcháin LRP’ i mí Iúil 2024. Forbraíodh an doiciméad sin ar dtús mar obair leantach ar an Athbhreithniú Struchtúrach LRP. Is Grúpa Oibre de pháirtithe leasmhara LRPanna a cheap an Treochlár i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Leagtar amach ann gníomhaíochtaí inláimhsithe a neartóidh todhchaí LRPanna. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Oibre as a dtiomantas don tionscadal seo. Mar a deirtear “ní gan dua a thagann aon rud is fiú a bheith agat” agus caithfear a rá go bhfuil cur i bhfeidhm na ngníomhartha ag tógáil a lán ama. Tá lánmhuinín agam go leanfaidh an Grúpa Oibre ar aghaidh ag obair go dian d'fhonn gníomhartha atá leagtha amach sa Treochlár a chur i bhfeidhm. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun iarraidh ar phobal na LRPanna i gcoitinne páirt ghníomhach a ghlacadh i gcur i bhfeidhm ghníomhartha an Treochláir, mar gur léir gur éifeachtaí LRPanna nuair a oibríonn siad le chéile chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Leagann an tuarascáil seo béim ar an méid ollmhór oibre atá déanta ag na LRPanna agus tá súil agam go bhfuil gach duine a bhfuil baint acu leis na LRPanna an-bhródúil as an méid atá bainte amach acu in 2024 agus le 10 mbliana anuas.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhbhaill ar an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta. Tugann sibh bhuíochas saeolais comhchoiteann, bhuíochas tuisceanach agus bhuíochas dtiomantas do gach rud a bhaineann le LRPanna go flaitiúil agus de mheon macánta agus d'fhreastail sibh go han-mhaith ar ghluaiseacht na LRPanna.

Thar ceann an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Pobal na LRPanna, leis na Rúnaíochtaí, leis an bhFoireann, leis na hIonadaithe agus leis na ballghrúpaí as an obair a rinne siad in 2024. Déanann bhuíochas iarrachtaí fiordhifriocht don phobal.

Agus muid ag machnamh ar na deich mbliana anuas, is iontach an rud é an méid atá bainte amach againn a fheiceáil. Fad saoil ag an rath seo.



Jake Ryan
Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Náisiúnta LRP

Thar ceann an Ghrúpa Chomhairligh agus Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, tugaim ómós do Bill Morrell, a fuair bás le déanaí. Chuir Bill go mór le Líonra Rannpháirtíochta Chiarraí, Líonra na Rúnaíochta agus an Grúpa Comhairleach Náisiúnta. Ba oibrí deonach pobail dílis é Bill, a d'oibrigh do Líonra Rannpháirtíochta Chiarraí agus don Ghrúpa Comhairleach le dúthracht gan staonadh. Bhí meas mór ar a dhíograis, a shoiléire smaointeoireachta agus a chineáltas mar bhall den Ghrúpa Comhairleach. Beidh tionchar buan ag Bill, i gCiarraí agus go náisiúnta araon.

Gabhaimid buíochas le Bill agus cuimhneoidimid air le meas mór.

Ar dheis Dé go raibh a anam.



Réamhrá

Braitheann daonlathas sláintiúil feidhmiúil ar fháilte a bheith roimh daoine sa phróiseas cinnteoireachta, go háirithe nuair a théann na cinntí sin i bhfeidhm go díreach orthu féin agus ar a saol. Baineann fíor-rannpháirtíocht le níos mó ná vótáil (daonlathas ionadaíoch), baineann sé le cásanna ina n-oibríonn daoine agus an rialtas i gcomhpháirtíocht chun bonneagar agus seirbhísí a chomhchruthú, fadhbanna a réiteach agus oibriú i dtreo leas gach duine don glúin seo agus do na glúnta atá le teacht (daonlathas rannpháirteach agus machnamhach).

De réir sainmhínte, éilíonn cur chuige den sórt sin difreálacha cumhachta a fhágáil ar leataobh agus iarracht shonrach a dhéanamh chun a chinntiú go n-éistear agus go gcuirtear guthanna agus tuairimí daoine san áireamh nach mbíonn tionchar acu go traidisiúnta.

Tá sé ag éirí níos tábhachtaí daoine a thabhairt le chéile chun ár gcomhghnéitheacht a roinnt tráth a bhfuil ár ndifríochtaí á n-úsáid mar arm. Cuireann plé agus cíoradh ar ár gcumas tuiscint a roinnt ar na saincheisteanna agus fiú mura féidir teacht ar chomhthoil iomlán, is féidir teacht ar réitigh.

In 2014, leasaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil chun Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna) a thabhairt isteach.

Aithníonn an LRP an méid a chuireann eagraíochtaí faoi stiúir oibrithe deonacha le caipiteal áitiúil eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. Éascaíonn sé ionchur na n-eagraíochtaí seo sa rialtas áitiúil trí struchtúr a chinntíonn rannpháirtíocht agus ionadaíocht an phobail ar choistí cinnteoireachta laistigh den rialtas áitiúil. Tá na LRPanna seo bunaithe i ngach ceantar údarás áitiúil in Éirinn.

Faoi dheireadh 2024, bhí 20,421 eagraíocht phobail agus dheonach, eagraíocht cuimsithe shóisialta agus eagraíocht chomhshaoil ina mbail den LRP. Toghadh os cionn 834 lonadaí LRP ar 341 coiste a dhéileálann le beartas straitéiseach, forbairt pobail áitiúil, rochtain agus cuimsiú agus mar sin de. Bliain dhúshlánach eile a bhí in 2024, agus chuaigh toghcháin áitiúla agus coistí nua i bhfeidhm ar obair laethúil na LRPanna.

Lean na LRPanna ar aghaidh ag soláthar tacaíochtaí luachmhara agus riachtanacha dá bpobail feadh na bliana, agus léiríodh athléimneacht agus oiriúnú chun freastal ar réimse leathan riachtanas.

Oibríonn údaráis áitiúla agus LRPanna i gcomhar lena chéile chun tacú le pobail agus chun cur le hacmhainneacht na n-eagraíochtaí comhaltais ionas go mbeidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go stuama ó thaobh saincheisteanna a bhaineann leo. Tá ról suntasach ag na LRPanna ó thaobh fhorbairt agus oideachas a ngrúpaí comhaltais, faisnéis a roinnt, dea-chleachtas a chur chun cinn, agus líonrú a éascú. Trí fhaisnéis agus saineolas áitiúil a thabhairt do ghrúpaí cinnteoireachta, oibríonn siad lena chinntiú go n-éistear le go leor tuairimí éagsúla, rud a chuireann le torthaí níos láidre agus pobail níos fearr ar deireadh. Tá ról rithábachtach ag údaráis áitiúla freisin maidir le rannpháirtíocht a éascú trí phróisis chomhairleacha oscailte agus trí rannpháirtíocht ghníomhach.

“

Is é atá i gceist le rannpháirtíocht ná comhoibriú ar son an athraithe, eolas a chomhchruthú agus an todhchaí a chomhchruthú. Is bealach é freisin a éilíonn roinnt umhlaíochta agus oscailteachta do dhaoine eile. Ina theannta sin, baineann sé le haitheantas a thabhairt go bhfuilimid go léir rannpháirteach sa dúlra.”

Margaret Ledwith agus Jane Springett,
‘Participatory Practice’, Lch 17.

Sa tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Rannpháirtíocht na Saoránach leis an Rialtas Áitiúil, a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2013, rinneadh moltaí maidir le hionchur níos fairsinge agus níos éagsúla ó shaoránaigh sna próisis chinnteoireachta ar leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre i mí Feabhra 2014.

Tugadh breac-chuntas sa tuarascáil ar na bealaí ina bhféadfaí struchtúir agus próisis a aimsiú, le rannpháirtíocht na sochaí eagraithe sibhialta leis an rialtas áitiúil a neartú. Ina leith sin, moladh sa Tuarascáil go ndéanfaí Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) a bhunú i ngach limistéar údaráis áitiúil leis an bpobal a chumasú le ról gníomhach foirmiúil a bheith acu i gcoistí ábhartha déanta beartais agus maoirseachta an údaráis áitiúil.

Moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre gur cheart monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar obair na LRPanna ar bhonn rialta ag teacht le dea-chleachtais.

Ról an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta

Cuimsíonn an Grúpa Comhairleach Náisiúnta ionadaí amháin anois ó na hearnálacha Pobail agus Deonacha, Comhshaoil agus Cuimsithe Shóisialta, triúr Saorálaí LRP — ionadaí amháin an ceann do na trí earnáil éagsúla, triúr oibrithe acmhainne LRP agus beirt bhall foirne Údaráis Áitiúil (duine amháin ag leibhéal Stiúirthóra Seirbhíse agus duine amháin ag tacú go díreach le LRP). Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa agus cuireann sí seirbhísí Rúnaíochta ar fáil don Ghrúpa freisin. Tá comhaltas an Ghrúpa Chomhairligh le linn 2024 leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Comhaltas an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta le linn na bliana 2024

	Ainm	Eagraíocht
Cathaoirleach	Ciara Bates Jake Ryan	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Ionadaí na hEarnála Pobail & Deonaí	Susanne Rogers	Ceartas Sóisialta Éireann
Ionadaí na hEarnála um Chuimsiú Sóisialta	Louise Lennon	Nasc Tuaithe na hÉireann
Ionadaí na hEarnála Comhshaoil	Charles Stanley Smith	Líonra Comhshaoil na hÉireann
Ionadaí Oibrithe Acmhainní	Paul Clabby	LRP Ros Comáin
Ionadaí Oibrithe Acmhainní	Muriel Tobin	LRP Phort Láirge
Ionadaí Oibrithe Acmhainní	Sarah Wetherald	LRP Shligigh
Ionadaí d'Oibrithe Deonacha LRP – Earnáil P&D	Vincent Lyons	LRP Chontae na Gaillimhe
Ionadaí d'Oibrithe Deonacha LRP – Earnáil an Chuimsithe Shóisialta	Donal O'Shea	LRP Laoise
Ionadaí d'Oibrithe Deonacha LRP – Earnáil an Chomhshaoil	Bill Morrell	LRP Chiarraí
Ionadaí CBCC	John Quinlivan	Comhairle Contae Fhine Gall
Ionadaí CBCC	Ann Dillon	Comhairle Contae Uíbh Fhailí

Chomh maith lena ról monatóireachta, tá sé de chúram ar an nGrúpa Comhairleach freisin comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun na LRPanna a fhorbairt. D'fhorbair foghrúpa den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta LRP an Tuarascáil Bhliantúil seo, a thugann forléargas ar an obair a rinne LRPanna in 2024, le cur i gcrích ag LRPanna agus ag Údaráis Áitiúla.

Modheolaíocht

I lár na bliana 2025, scaipeadh teimpléad comhairliúcháin, arna cheapadh agus arna chomhaontú ag an bhfoghrúpa um Thuarascáil Bhliantúil, ar gach LRP agus ar gach Údarás Áitiúil trí Survey Monkey lena chomhlánú. Tionsaíodh na tuairisceáin chomhlánaithe chun críocha anailíse.

Is féidir linn a thuairisciú go bhfuil tuairisceáin chomhlánaithe ag 31 LRP. I gcás inar féidir, cuirtear sonraí inchomparáide ó 2023 san áireamh, ach ní bheidh na sonraí sin inchomparáide go díreach leis na sonraí atá i dTuarascáil Bhliantúil 2023 toisc gur bhain an tuarascáil sin le 30 LRP. Maidir leis na figiúirí ballraíochta, is ionann iad sin agus na 31 LRP de réir na bhfigiúirí a sholáthraíonn Salesforce.

Nóta ar an teanga a úsáidtear. Ós rud é go dtagann an chuid is mó den ábhar go díreach ó 31 LRP agus ó Údaráis Áitiúla, úsáidtear friotal a chuireann an fhéiniúlacht chun tosaigh agus friotal a chuireann an duine chun tosaigh sa tuarascáil seo chomh maith le leaganacha LADTIA+ éagsúla.

Gluais Téarmaí

Tá raon leathan sainmhínithe ann a chlúdaíonn cineál agus scóip na rannpháirtíochta pobail agus an rialtais áitiúil. Tugtar sainmhíniú ar roinnt acu seo thíos:

Ciallaíonn **Grúpa Comhairleach** Grúpa Comhairleach Náisiúnta an LRP (féach freisin NAG).

Is ionann **Comhaltaí Comhlacha** agus na grúpaí nach gcomhlíonann na critéir le haghaidh comhaltas san LRP.

CBCC: Is é Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach ‘guth ionadaíoch’ an líonra bainistíochta rialtais áitiúil. Tá comhaltaí an CCMA ina bpríomhfheidhmeannaigh ar na comhairlí contae agus cathrach agus ina bpríomhfheidhmeannaigh chúnta i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Comhairle na nÓg: Is comhairlí iad seo don aos óg atá lonnaithe i 31 láthair i bPoblacht na hÉireann, a thugann deis don aos óg in Éirinn a bheith rannpháirteach i ndul chun cinn seirbhísí agus beartas áitiúil.

Tagraíonn **pobal** d’áit (amhail comharsanacht nó limistéar níos leithne), féiniúlacht (amhail baint le grúpa eitneach), nó leas (amhail tiomantas i gcoiteann le daoine eile, mar shampla, cearta míchumais).

Is tionscnamh rialtais atá sa **Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail** a thugann an earnáil pobail agus dheonach, an pobal, seirbhísí reachtúla éagsúla eile, agus comhairleoirí áitiúla chun oibriú le chéile chun saincheisteanna sábháilteachta pobail a aithint agus dul i ngleic leo ar leibhéal áitiúil.

Déanann an **Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht** maoirseacht ar oibriú agus ar fhorbairt an chórais rialtais áitiúil agus soláthraíonn sí an creat beartais ina n-oibríonn agus ina soláthraíonn údarais áitiúla seirbhísí do na pobail a ndéanann siad ionadaíocht orthu agus a bhfreastalaíonn siad orthu. I mí Iúil 2017, aistríodh an creat beartais maidir le CFPÁna, Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail agus LRPanna ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil go dtí an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear in Airteagal 28A de Bhunreacht na hÉireann an ról atá ag rialtas áitiúil maidir le fóram a sholáthar le haghaidh ionadaíocht dhaonlathach a dhéanamh ar phobail agus maidir le cumhachtaí arna mbronnadh le dlí a fheidhmiú agus a chomhlíonadh.

Bunaíodh an **Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD/an Roinn)** i mí Iúil 2017 chun forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus chun tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann. Maidir leis an LRPanna, is í an Roinn an príomh-mhaoinitheoir, cuireann sí Cathaoirleach ar fáil don Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach agus tá sí freagrach as forbairt agus maoirseacht fhoriomlán na LRPanna.

Is ionann an **Chomhairle Thofa** agus fóram ceaptha beartais an údarais áitiúil; déanann comhaltaí na gceantar bardasach cinntí a mbíonn tionchar acu ar limistéar an cheantair bhardasaigh. Feidhmíonn Comhairlí Tofa (a fheidhmíonn ar leibhéal údarais áitiúil nó ceantair bhardasaigh) ‘feidhmeanna forchoimeádta’ de réir mar atá sainmhínithe ar fud raon leathan reachtaíochta. Is é an feidhmeannach, m.sh. na hoifigigh lánaimseartha faoi stiúir an phríomhfheidhmeannaigh, a dhéanann an t-údarás áitiúil a bhainistiú ó lá go lá. Tá dualgas ar an bpríomhfheidhmeannach comhairle a thabhairt don Chomhairle Thofa agus cabhrú léi tabhairt faoina feidhmeanna.

Lámhleabhar: Sraith ilchodach Treoirlínte agus comhairle a eisíodh i mí na Samhna 2020 chun cabhrú le LRPanna agus le páirtithe leasmhara eile, a tháinig in ionad an Treoir d’Úsáideoirí a bhí ann roimhe sin.

FSS: Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an córas cúraim sláinte a mhaoineítear go poiblí i bPoblacht na hÉireann.

CCP: An Comhchoiste Póilíneachta Coiste Údarais Áitiúil a chuimsíonn, comhairleoirí, Teachtaí Dála, Seanadóirí, na Gardaí agus páirtithe leasmhara seachtracha ar nós na LRPanna a dhéanann moltaí beartais maidir le saincheisteanna póilíneachta. Rinneadh foráil in Alt 36 d’Acht an Gharda Síochána i leith bunú CCP i ngach ceantar riaracháin Údarás Áitiúil agus mar chuid de struchtúir an Rialtais Áitiúil.

CFPÁ: Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil – Coiste Údaráis Áitiúil ar a bhfuil comhaltaí poiblí agus comhaltaí phríobháideacha agus a dhéanann maoirseacht ar chlár forbartha pobail i gceantair áirithe, lena n-áirítear LEADER agus SICAP. De ghnáth, bíonn 5 chomhalta ag LRPanna ar an gcoiste sin. Tá sé mar aidhm ag LRPanna cur chuige comhleanúnach, comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i réimse na forbartha áitiúla agus na forbartha pobail.

LEADER: Clár maoinithe a chuirtear ar fáil trí na Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (GÁGanna), a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na gceantar tuaithe. Is clár é LEADER a thacaíonn le frontair phríobháideacha agus le grúpaí pobail araon tionscadail a chur i gcrích atá dírithe ar chailíocht na beatha a fheabhsú i gceantair thuaithe agus éagsúlú na gníomhaíochta eacnamaíche i gceantair thuaithe a spreagadh.

PÁEP: Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail - Is é is aidhm leis an bplean ná na cuspóirí agus gníomhartha atá de dhíth chun forbairt eacnamaíochta agus forbairt áitiúil agus phobail an limistéir Údaráis Áitiúil ábhartha a chur chun cinn agus tacú leo ar feadh tréimhse sé bliana, as féin go díreach agus i gcomhar le páirtithe leasmhara forbartha eacnamaíochta agus pobail eile.

Nascghrúpa: Grúpa geallsealbhóirí LRP i saincheist ar leith a thagann le chéile chun moltaí beartais a dhéanamh agus a oibríonn go dlúth le hIonadaí LRP ar bhord nó ar choiste ábhartha.

Údaráis Áitiúla (ÚÁ): Comhairlí Cathrach nó Contae. Tá ról lárnach acu ó thaobh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíochta agus fiontraíochta ag leibhéal áitiúil. Tá tacaíocht an Rialtais Áitiúil ar an talamh ríthábhachtach do rathúlacht an líon mór tionscnaimh a chuireann treallús faoi phobail áitiúla. Ina measc seo tá féilte agus imeachtaí áitiúla; deardh sráid-dreacha agus scéimeanna athnuachana sráidbhailte; tacaíocht do mhicrifhiontair, páirceanna gnó agus aonaid ghoir; rannpháirtíocht i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh; leathanbhanda tuaithe a chur chun cinn agus pleanáil le haghaidh infheistíochtaí móra sa gheilleagar glas.

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFÁ):

Eagraíochtaí a bhfuil sé de chúram orthu tacú le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta sna ceantair ar a bhfuil siad ag freastal. De ghnáth, déantar conarthaí le CFÁanna chun clár a sheachadadh, ar nós, an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER), an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus Tús.

Déantar foráil san **Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014** do raon athruithe ar eagrú agus ar obair na n-údarás áitiúil. I measc nithe eile, déantar foráil do chónascadh líon údarás áitiúil, maidir le deireadh a chur le comhairlí baile, maidir le deireadh a chur le boird forbartha cathrach agus le boird forbartha contae agus maidir le bunú coistí áitiúla forbartha pobail agus déantar foráil do raon athruithe ar na feidhmeanna a dtugann údaráis áitiúla fúthu. Cuireadh tús le hAlt 46 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 an 1 Meitheamh 2014 agus soláthraíonn sé an bonn reachtach a thugann éifeacht don Chreat um Rannpháirtíocht Pobail agus do na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna).

Ciallaíonn **MOU** Meabhrán Tuisceana (comhaontú idir an tÚdarás Áitiúil agus an LRP).

Ceantar Bardasach (CB): Forannán de chuid ceantar Údaráis Áitiúil. Tagann Comhairleoirí le chéile ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh agus, chomh maith leis sin, ag leibhéal na comhairle ina hiomláine. Bunaíodh CBanna tar éis an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil in 2014.

(n=XXX) Léiríonn sé uimhir e.g., líon na bhfreagraí, líon na ndaoine a d'fhreagair ceist.

Ciallaíonn **GCN** an Grúpa Comhairleach Náisiúnta LRP.

Is ionann **eagraíochtaí seachbhrabúsacha** agus eagraíochtaí a oibríonn ar mhaithe le leas na sochaí, leas an phobail agus/nó ar mhaithe le sainleas. Ní dhéanann siad aon bhrabús agus aon ioncam farasbairr nach dteastaíonn uathu leis an eagraíocht a reáchtáil, déanann siad an t-ioncam sin a infheistiú ar ais san eagraíocht chun nithe a fheabhsú nó a choinneáil ag imeacht. Ní dhéantar aon íocaíochtaí le scairshealbhóirí. Áirítear ann raon ollmhór eagraíochtaí idir ghrúpaí beaga gan aon ioncam agus charthanais mhóra.

Is clár maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh é **PEACEPLUS**, a ceapadh chun tacú leis an tsíocháin agus leis an rathúnas ar fud Thuaisceart Éireann agus chontaetha teorann na hÉireann.

Seisiún Iomlánach: Na ballghrúpaí go léir in LRP. Is é an Cruinniú Iomlánach comhlacht cinnteoireachta deiridh an LRP.

Ciallaíonn **Buiséad LRP** an méid bliantúil maoinithe atá ar fáil do LRP, a dhíorthaítear ó RFTP, ón Údarás Áitiúil agus ó fhoinsí eile.

Is ionann **Salesforce** agus córas bainistíochta sonraí agus faisnéise a úsáideann gach LRP. Ligeann an córas do LRPanna faisnéis faoi ghrúpaí comhaltais a fháil agus a bhainistiú, mionsonraí a stóráil maidir le heagraíochtaí, grúpaí pobail agus líonra, bainistíocht a dhéanamh ar mhaoiniú ó eagraíochtaí, bainistíocht a dhéanamh ar fheachtais ar nós cumarsáidí ríomhphoist agus tuarascálacha saincheaptha a chruthú agus mar sin de.

Ciallaíonn **Rúnaíocht** comhlacht riaracháin an LRP arb é a ról cinntí an tSeisiúin Iomlánaigh a chur i ngníomh; a chinntiú go ndéantar an LRP a reáchtáil gan stró idir Seisiúin Iomlánaigh; gníomhaíochtaí an LRP a chomhordú; cumarsáid rialta a dhéanamh le Grúpaí Comhaltais go léir an LRP agus faisnéis maidir le gníomhaíochtaí go léir an LRP a scaipeadh chomh forleathan agus is féidir; agus Oibrithe an LRP éascú agus a chumasú ina ngníomhaíochtaí laethúla ar mhaithe le cuspóirí an LRP a sheachadadh.

Tá **SICAP** (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht agus chun cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn. Oibríonn gach soláthróir SICAP le daoine aonair agus le grúpaí pobail araon i gcathair/i gcontae nó i bhforannán de chathair/chontae agus iad ag díriú ar dhaoine atá thíos le míbhuntáiste agus ar cheantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Is beartas 10 mbliana de chuid an Rialtais é **Sláintecare** a bhfuil sé mar aidhm leis an córas sláinte a athchóiriú agus cúram sláinte uilíoch a sholáthar.

Cuimsiú Sóisialta: gníomhaíocht atá dírithe ar fheabhas a chur ar sheansanna agus ar dheiseanna saoil daoine atá ar an imeall sa tsochaí, atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó atá difhostaithe trí leas a bhaint as cur chuige forbartha pobail chun pobail inbhuanaithe a bhunú ina ndéantar luachanna an chomhionannais agus an chuimsithe a chur chun cinn agus ina bhfuil meas ar chearta an duine.

SPC (Coiste um Beartais Straitéiseacha): coistí áitiúla de chuid comhairlí cathrach agus contae atá comhdhéanta de Chomhairleoirí Tofa agus d'ionadaithe ón réimse gnó, ón réimse talmhaíochta, ó ghrúpaí comhshaoil/caomhantais agus ó na ceardchumann, mar aon le comhaltaí ón earnáil phobail agus dheonach. Tá sé mar dhualgas ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna), mar choistí de chuid na comhairle, comhairle agus cúnamh a thabhairt don chomhairle maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais. Níl aon chúram orthu maidir le gnáthchúrsaí oibríochtúla maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá sé i gceist leis an gcóras SPC deis a thabhairt do chomhairleoirí agus do leasanna earnála ábhartha páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas déanta beartais ó na luathchéimeanna ar aghaidh.

Is í an **Scéim SPC** an creat a bhunaíonn na hÚdaráis Áitiúla chun oibriú na gcoistí a rialú.

Is ionann **Forbairt Inbhuanaithe** agus forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Grúpa Téamach: Grúpa páirtithe leasmhara LRP atá ag obair ar théama beartais trasearnála, e.g. míchumas, cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht.

T.D. - Tá an Teachta Dála ina chomhalta de Dháil Éireann, teach íochtarach an Oireachtais (Parlaimint na hÉireann).

Tusla: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ghníomhaireacht thiomnaithe Stáit atá freagrach as folláine agus torthaí níos fearr do leanaí.

Treoir Úsáideora: Sraith ilchodach Treoirlínte agus comhairle a eisíodh in 2016 chun cabhrú leis na LRPanna agus na páirtithe leasmhara eile, cuireadh an Lámhleabhar ina ionad i mí na Samhna 2020.

Is ionann **Eagraíochtaí faoi cheannas oibrithe deonacha** agus eagraíochtaí atá á rialú ag grúpa oibrithe deonacha agus iad ag gníomhú mar choiste, mar bhord nó de réir struchtúr éigin eile. D'fhéadfadh comhaltaí foirne íoctha a bheith acu freisin a ghníomhaíonn thar ceann an bhoird.

Déanann **Folláine** cur síos ar phobal a bhfuil freastal á dhéanamh ar a bhunriachtanais agus ina mothaíonn daoine go bhfuil ról fiúntach acu agus go bhfuil siad in ann spriocanna tábhachtacha a bhaint amach, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus saol a chaitheamh a bhfuil meas acu air agus a bhfuil cúis acu le meas a bheith acu air.

Ciallaíonn **Grúpa Oibre** an Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht na Saoránach atá ag an Rialtas Áitiúil. Bunaíodh an grúpa seo i Meán Fómhair 2013. Bhí sé mar ról ag an nGrúpa moltaí a dhéanamh maidir le hionchur níos leithne agus níos ilchineálaí a bheith ag saoránaigh sa phróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre an 28 Feabhra 2014 agus d'eascair bunú na LRPanna as a chuid moltaí.

Ciallaíonn **Oibrí**, Oibrí Acmhainní, Oibrí Tacaíochta nó oibrí eile atá fostaithe ag LRP le tabhairt faoina chuid/cuid dualgas.





Líonraí Rannpháirtíochta Pobail – 2024

Rinneadh comóradh 10 mbliana ar na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail in 2024. D'óstáil 23 LRP imeacht chun comóradh a dhéanamh ar an gcloch mhíle sin (tá cuid de na himeachtaí le reáchtáil in 2025). Úsáideadh na cruinnithe iomlánacha mar bhealach ceiliúrtha agus thug siad deis 'machnamh a dhéanamh ar dheich mbliana de thiomantas agus d'obair chrua lenár mbaill go léir'. Dáileadh málaí féiríní agus baineadh taitneamh as ceol, beárbaiciú agus císte in 'atmaisféar an-lúcháireach' ag ócáid 'cheiliúrtha agus spráúil'.

Bhailigh LRPanna ionadaithe agus Rúnaíocht agus Iar-Rúnaíocht le chéile in éineacht le baill foirne na nÚdarás Áitiúil agus eagraíochtaí comhoibríocha chun aird a tharraingt ar éachtaí agus ar dhúshláin na ndéich mbliana seo caite, chun 'spiorad aontachta agus machnaimh a chothú ar dheich mbliana de rannpháirtíocht agus de thionchar pobail'. Bhain na LRPanna úsáid fhorleathan as na meáin shóisialta agus áitiúla i rith na bliana chun guth na mball a chur chun cinn agus a threisiú. Tugadh aitheantas d'ionchur aonair ó bhaill sheanbhunaithe a raibh 'ról ríthábhachtach acu i múnú rath agus thionchar an LRP le deich mbliana anuas' chomh maith 'leis an taithí agus leis an eolas luachmhar ó oibrithe deonacha a chaitheann a gcuid ama i mbun ionadaíochta ar an earnáil phobail'.

Bliain a bhí ann chun machnamh a dhéanamh ar 'cad a d'oibrigh, cad nár oibrigh agus cén áit ar féidir le feabhsúcháin tarlú' agus 'é a aithint mar líonra atá imithe ó neart go neart'. Tá na LRPanna thar a bheith bródúil as na 'comhpháirtíochtaí láidre atá forbartha acu' agus as na baill 'atá páiseanta faoi ghuth na hearnála Pobail agus Deonai'. Rinne na LRPanna ceiliúradh ar 'a lán éachtaí, cuid acu mór agus cuid eile beag' agus táthar 'ag súil le go leor eile amach anseo'.

Ba bhliain toghcháin áitiúla, Eorpacha agus náisiúnta í 2024 freisin. Cuireann sé sin go léir ualach oibre ollmhór leis an bpríomhobair atá á déanamh ag na LRPanna ar bhonn laethúil. Bhí pobail ar fud na tíre fós ag streachailt le costais atá ag ardú, coimhlintí leanúnacha ar fud an domhain agus an tionchar a bhí acu sin ar bhuiséid náisiúnta agus áitiúla agus ar sholáthar seirbhísí. Tá an LRP níos tábhachtaí agus níos ábhartha ná riamh toisc go bhfuil tionchar ag na suaití seo ar chomhtháthú sóisialta pobal ar fud na hÉireann. Is cuid ríthábhachtach é a chinntiú go dtabharfar guth na bpobal i bhfóraim chinnteoireachta chun áiteanna sábháilte, slána a chruthú inar féidir le saoránaigh a bheith rannpháirteach, fás agus bláthú.

Iarradh ar LRPanna samplaí a thabhairt de thograí nó de ghníomhartha sonracha a thug a nlonadaithe chuig boird agus coistí cinnteoireachta agus na tionchair a bhí acu a leagan amach. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na tionchair a thuairiscíonn gach LRP ina bhfocail féin ar áireamh in Agusín 3.

Guthanna Pobail a Mhéadú

Ag athbhreithniú ar Phlean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Chill Mhantáin, labhair an tlonadaí LRP faoi fhadhb na dtrucailí a iompraíonn smionagar ó chairéil in Iarthar Chill Mhantáin agus an tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt dó sin mar bhruscar/dramhaíl agus an fhreagracht atá ar chomhlachtaí bainistíochta dramhaíola a gcuid trucailí a chlúdach. Mar thoradh air sin, cuireadh na nithe seo a leanas sa Phlean faoin gceannnteideal ‘Saincheisteanna Tosaíochta a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu i gCill Mhantáin’, “Feithiclé nach bhfuil clúdaithe go maith agus earraí scaoilte á n-iompar. Ceanglaítear ar fheithiclé a iompraíonn dramhaíl, faoin gcead bailithe dramhaíola ábhartha, an dramhaíl a choinneáil clúdaithe le linn turais. Is minic a shéideann an ghaoth bruscar ó thrucailí nach bhfuil clúdaithe go maith, a bhfuil eangacha stróicthe orthu nó nach bhfuil aon eangach orthu ar chor ar bith. Tá sé thar a bheith deacair an cineál áirithe sin bruscair a bhailiú mar go scaipeann sé thar achar fada ar bhóithre gnóthacha”.

Bhí poist mar Chathaoirleach agus mar Leas-Chathaoirleach ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú (CFPÁ) ag beirt d’lonadaithe LRP Lú. Sna ról sin, rinne siad maoirseacht agus stiúradh ar fhorbairt agus ar fhaomhadh an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP), na Straitéise Forbartha Áitiúil, agus an Phlean Gníomhaíochta PEACEPLUS. Bhí siad freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar na cláir seo a leanas maidir le caiteachas forbartha pobail agus leithdháileadh acmhainní laistigh den Chontae: LEADER 2023-2027; SICAP 2024-2028; PEACEPLUS 2021-2027; Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2024 agus Éire na Sláinte (Babhta 4). Mar thoradh ar cheapachán lonadaithe LRP chuig na ról thábhachtacha seo laistigh de CFPÁ Lú tugadh faoi phróiseas cinnteoireachta faoi stiúir an phobail maidir le leithdháileadh acmhainní ríthábhachtacha ar fud an chontae a éascaíodh trí ainmniúchán na nlonadaithe seo ag LRP Lú.

Tá lonadaithe LRP Chomhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall fós ag cur i gcoinne athruithe ar Rannóga an Gharda Síochána i nDún na nGall.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Rúnaíocht, rinne LRP an Chláir aighneacht maidir leis an Scéim do SPCanna a d’fhéach lena chinntiú nach laghdófaí ár leibhéal ionadaíochta ar SPCanna sa Scéim seo. Níor éirigh linn leis an iarratas sin, agus mar thoradh air sin, fágadh gan lonadaí um Chuimsiú Sóisialta muid ar an SPC Eacnamaíoch, ach glacadh le gnéithe eile dár n-aighneacht lena n-áirítear soiléireacht maidir le costais.

Rinne lonadaithe LRP Liatroma aighneacht chuig Comhairle Contae Liatroma maidir le Dréachtscéim Choiste um Beartais Straitéiseacha 2024-2029. Rinne LRP Liatroma suirbhé cuimsitheach ar lonadaithe LRP Liatroma agus reáchtáladh cruinniú le bainisteoirí agus le riarthóirí Choistí Chomhairle Contae Liatroma (CCL) inar roinn an LRP torthaí an tsuirbhé agus éisteadh le tuairimí oifigeigh CCL.

Ina dhiaidh sin bhí deis ann tuilleadh rannpháirtíochta a bheith idir oifigigh inar iarradh a dtuairimí ar shaincheisteanna éagsúla a chuir ionadaithe LRP. Bhí an rannpháirtíocht sin an-fhaisnéiseach. Rinneadh forbairt bhreise ar na moltaí ón suirbhé ag dhá chruinniú d'ionadaithe LRP Liatroma. Breithníodh aiseolas ó Rúnaíocht Náisiúnta LRP freisin. Moladh go mbeadh seisiún pearsanta ann ag tús théarma na scéime nua 2024-2029 ina dtiocfaidh gach duine le chéile, chun iad féin a chur in aithne agus na nithe ar a bhfuil siad ag déanamh ionadaíochta a chur in iúl ar an SPC, chun aithne níos fearr a chur ar a chéile agus caidreamh mar ghrúpa a fhorbairt. Tharla sé sin i Seomra na Comhairle i mí na Samhna le haghaidh ionadaithe uile LRP maidir le SPCanna.

Chuir na toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh 2024 tús leis na toghcháin LRP, toisc gur cuireadh na Coistí um Beartaí Straitéiseacha (SPCanna) go léir ar scor agus ansin cuireadh tús leo arís ina dhiaidh sin. Thug LRP Chathair Bhaile Átha Cliath faoi dhianphróiseas earcaíochta, toisc go raibh dhá théarma cúig bliana curtha i gcrích ag formhór na n-ionadaithe reatha agus go raibh siad le héirí as. D'éirigh go han-mhaith leis: líonadh na suíocháin go léir, reáchtáladh roinnt toghchán ag baint úsáid as Election Buddy², agus léiríodh a lán suime i roinnt post (mar shampla an SPC Cultúir), le sé ainmniúchán. Níos luaithe sa bhliain, bhailigh an LRP ionchur agus cuireadh aiseolas isteach ar an dréachtscéim SPC, rud a chuir go mór leis an bpróiseas. Faoi mhí Mheán Fómhair, cuireadh na hionadaithe nuathofa faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go foirmiúil. Neartaigh sé sin an caidreamh idir an LRP agus an t-údarás áitiúil, chruthaigh sé tuiscint athnuaithe ar chuspóir i measc na n-ionadaithe, agus chuir sé le tuiscint ar a ról maidir le comhairle agus cúnamh a thabhairt don chomhairle ar bheartas. Is féidir teacht ar an dréachtscéim SPC anseo: <https://dublincityppn.ie/resources/draft-strategic-policy-committee-spc-scheme-2024-2029/>

Chuir ball de Rúnaíocht LRP Chontae na Gaillimhe nuashonruithe i láthair ar líonra na Rúnaíochta Náisiúnta ina raibh sonraí nua ar fhigiúirí ballraíochta LRP ar fud na 31 LRP agus mhol sé freisin go leanfaí ar aghaidh ag tiomsú agus ag cur sonraí i láthair maidir le SPCanna agus an tionchar a bhíonn ag ionadaíocht LRP ar an bpróiseas cinnteoireachta beartais áitiúil.

Machnamh a Dhéanamh ar Riachtanaí an Phobail

Ainmníodh Ionadaí LRP Phort Láirge ón SPC Tithíochta, Pobail, Spóirt agus Áineasa chun suí ar ghrúpa oibre in éineacht le baill bhainistíochta tionóntachta, comhairleoirí tofa agus baill den Gharda Síochána chun Straitéis Iompair Fhrithshóisialta a fhorbairt.

Chuir toscairí LRP na hlarmhí a toghadh chuig Ceantair Bhardasacha Bhaile Átha Luain - Móta agus an Muileann gCearr - Chionn Gad aighneachtaí ó ghrúpaí pobail ar shaincheisteanna áitiúla i láthair don dá Cheantar Bhardasacha. Déanann na Comhairleoirí agus an fhoireann áitiúil breithniú ar na haighneachtaí sin. Cuimsíonn na haighneachtaí réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear an comhshaol, sábháilteacht ar bhóithre agus soilsiú i measc rudaí eile. I measc na n-aighneachtaí rathúla bhí rampa luais nua a shuiteáil in Eastát Naomh Micheál, an Muileann gCearr a chabhróidh le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. I bhFearann na Mainistreach, cuireadh marcanna bóthair timpeall ar an eastát. D'éirigh le haighneacht ó Ghníomhaíocht Rochtana Bhaile Átha Luain rampa rochtana do chathaoireacha rothaí a bhí ró-ard a shocrú. Tá go leor aighneachtaí eile fós le breithniú agus cuirfear san áireamh iad nuair a dhéanfar cinntí buiséid.

Sheol Líonra Téamach Tithíochta LRP Shligigh a sraith cúig pháipéar ar thithíocht phobail. Tharla an ócáid i gcomhthráth le tús sheachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) agus le linn an chur i láthair, phléigh cainteoirí an ghéarchéim chóiríochta reatha i dtéarmaí thiomantas na hÉireann do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

2 Is ardán vótála ar líne é Election Buddy chun toghcháin agus pobalbheirtheanna a reáchtáil.

Tugadh béim ar leith ar SFI 11 'Cathracha agus pobail inbhuanaithe' agus ar an ról a bhíonn ag beartas agus ag seachadadh tithíochta cuí chun é sin a bhaint amach. Tháinig an tionscnamh chun cinn ar dtús ó Fhís Shligigh d'Fholláine an Phobail, a leag béim ar easpa cóiríochta cuí mar phríomhfachtóir a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine mhuintir Shligigh. Mar gheall ar chastacht an bheartais tithíochta, chinn an líonra faisnéis mhionsonraithe agus fianaise ar riachtanais an phobail a thiomsú a d'fhéadfaí a thabhairt do choistí beartais áitiúla agus cinnteoireachta. I gcomhpháirtíocht le Ceartas Sóisialta Éireann, cruthaíodh cúig pháipéar a dhírigh ar phríomhréimsí riachtanais cóiríochta. Sampla amháin is ea an Líonra Téamach agus an tsraith páipéar sin den chaoi ar féidir leis an bpobal ról gníomhach a ghlacadh i gceapadh beartas áitiúil trí líonra LRP agus beidh na páipéir ina mbonn eolais agus ina mbonn taighde do chinntí a dhéantar trí SPC1 Tithíocht agus Rialachas.

Bhí ról lárnach ag Ionadaithe LRP Laoise ar an CFPÁ agus cinntíodh guth láidir pobail i gcinnteoireacht áitiúil. Bhí baint ghníomhach acu le forbairt agus le faomhadh Phlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil Laoise 2023–2028, agus mhol Ionadaí LRP an tairiscint chun an creat deiridh a ghlacadh. D'fhóin Ionadaithe LRP freisin ar fhochoiste SICAP, agus mhúnlaigh siad Pleananna Cuimsithe Sóisialta agus Gníomhachtaí Pobail 2024 chun tosaíocht a thabhairt don óige, don oideachas agus do phobail faoi mhíbhuntáiste. Chabhraigh siad le leithdháiltí deontais pobail a athbhreithniú agus a cheadú, agus iad ag tacú le grúpaí bunaithe agus nua. I rith na bliana, chuir baill LRP maoirseacht, cuntasacht agus léargas ar fáil don phobal, ag gníomhú mar nasc ríthábhachtach idir pobail áitiúla agus comhlachtaí reachtúla. Chinntigh a gceannaireacht agus a gcomhoibriú go raibh cuimsiú, cothroime agus tosaíochtaí áitiúla fós lárnach i dtionscnaimh forbartha chontae. Tugadh aitheantas d'ionchur Ionadaithe LRP Laoise nuair a toghadh Ionadaí LRP Laoise mar Chathaoirleach ar an CFPÁ.

Cuimsiú Pobail a Spreagadh

Rinne Grúpa Rochtana Chill Chainnigh (KAG) iniúchadh mionsonraithe agus cuimsitheach ar pháirceáil do dhaoine faoi mhíchumas i gCathair Chill Chainnigh, i gcomhar leis an innealtóir contae, arna éascú ag an LRP. Áiríodh san iniúchadh bána páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar shráideanna agus i gcarrchlóis na comhairle. Oibrí óige agus beirt ógánach ó Óige Osraí a rinne an t-iniúchadh bána. Chuir KAG agus Óige Osraí na torthaí i láthair na Comhairle Bardasaí. Mhol na Comhairleoirí agus na Stiúrthóirí Seirbhísí a bhí i láthair na daoine óga ó Óige Osraí as a gcuid oibre a léirigh roinnt easnamh agus a thairg moltaí. Tugadh faoi deara, go háirithe, go raibh cothabháil agus feabhsúcháin ag teastáil i gcás go leor de na bána a ndearnadh iniúchadh orthu ar chomharthaíocht, péinteáil srl. Rinneadh moltaí maidir le bána páirceála níos mó a sholáthar chun freastal ar fheithiclí agus ar bhusanna níos mó do chuairteoirí agus do thurasóirí faoi mhíchumas. Cé nár cuireadh aon cheann de na huasghráduithe ná na moltaí i bhfeidhm ag an am, leanann KAG air ag obair leis an LRP chun an tsaincheist sin a chur chun cinn agus rachaidh sé i dteagmháil le Comhairle na nDaoine Scothaosta (OPC) chun comhoibriú agus an fhadhb sin a bhrú ar aghaidh.

Luaigh Ionadaí Míchumais LRP an Longfoirt imní leis an SPC Bonneagair faoi shaincheisteanna inrochtaineachta de bharr oibreacha bóthair an Údaráis Bóithre Náisiúnta (NRA) ar Bhóthar an Bhataire, a chuaigh i bhfeidhm ar rochtain ar an stáisiún vótála ainmnithe don Reifreann. Chruthaigh na hoibreacha bóthair, chomh maith le trácht na hAoine, dúshláin shuntasacha do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine eile a dteastaíonn cúnamh uathu. Tar éis na hidirghabhála sin, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na socruithe agus, i gcomhairle le Líonra Míchumais LRP, thug sí isteach pleananna páirceála, inrochtaineachta agus bainistíochta tráchta feabhsaithe do thoghcháin áitiúla mhí an Mheithimh agus do na pobalbhreitheanna náisiúnta amach anseo.

Faoin gColún um Chuimsiú Sóisialta, chuir Grúpa Téamach LRP Líonra Comhionannais Míchumais Uíbh Fhailí (ODEN) togra chun cinn chuig Comhairle Contae Uíbh Fhailí maidir leis an ngá atá le saoráid Changing Places in Uíbh Fhailí. Thabharfadh sé sin deis do dhaoine i gcathaoireacha rothaí a dteastaíonn cúnamh leithris uathu cuairt a thabhairt ar imeachtaí, seónna agus taispeántais in Uíbh Fhailí agus freastal orthu agus a fhios acu go bhfuil áiseanna leithris oiriúnacha ar fáil. Trí Ionadaithe SPC LRP, cuireadh é sin i láthair an SPC Pobail, Cultúir agus Éigeandála agus an SPC Tithíochta araon. Leanadh ar aghaidh leis agus cuireadh faoi bhráid an SPC Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta é. Chuir an grúpa luach, buntáistí, riachtanais achar urláir, toisí agus samplaí áiseanna Changing Places i gcontaetha eile i láthair. Cé go raibh an aighneacht ródhéanach don Ionad Ealaíon Nua i dTulach Mhór, tá áis Changing Places anois mar chuid de na pleananna do leabharlann nua agus áis phobail in Éadan Doire. Léiríonn sé sin an luach a bhaineann le hionadaíocht an phobail ar SPCanna agus ar Bhoird agus ar Choistí eile.

D'oibrigh CFPÁ Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR) i gcomhpháirtíocht leis an LRP chun sraith de sheisiúin oiliúna a chur ar fáil do bhallraíocht an LRP chun feasacht a ardú ar shaincheisteanna LADTI+ agus chun uirlisí teorach agus comharthaíochta a fhorbairt, srl. Taifeadtar i miontuairiscí an SPC Cultúr Pobail gur thug bainisteoir Líonra LRP cur i láthair agus go bhfuil an LRP ag obair le Fóram Comhtháthaithe DLR chun é a dhéanamh níos cuimsithí.



Gníomhú Pobail ar son na hAeráide a Chumasú

Bhí tionchar dearfach ag Ionadaithe SPC LRP Thiobraid Árann ar an gclár SPC le linn an phróisis chomhairliúcháin chéanna. Choinnigh an rannóg Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide an clár ina chlár bliantúil leis féin, le hathbhreithnithe bliantúla do na ceithre bliana eile, seachas straitéis 5 bliana foriomlán ardleibhéil ina mbeadh pleananna bliantúla ag teacht chun cinn, mar a mhol Ionadaithe LRP agus an tAthbhreithniú Náisiúnta SPC. Tháinig na hIonadaithe le chéile ar líne ar dtús chun plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr pleanála agus cuntasachta don SPC. Agus aighneacht á scríobh acu chuig an rannóg Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide, mhol siad athruithe ansin chun an clár a dhéanamh níos éifeachtaí thar an timthriall SPC. Mar shampla, in ionad téama an Phlean Chorpáraidigh Chomhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide a nascadh go díreach le hobair an SPC, d'aithin siad an gá atá le straitéisí agus cláir ghaolmhara a ainmniú d'fheidhmeanna an SPC. Tá siad sin le feiceáil anois i bhfoirm tábla ar dhoiciméad an chláir, ar mhaithe le hathbhreithniú agus ar mhaithe le cúiseanna tionchair trasghearrtha ar fud spriocriachtanais na comhairle contae.

Chuir Ionadaí LRP Ros Comáin togra faoi bhráid an Údaráis Áitiúil chun máistirphleananna fuinnimh a mhaoiniú do cheantair phobail. Maoiníodh iad sin ina dhiaidh sin trí mheicníochtaí iasachta idirlinne. Thug an cur chuige sin deis do phobail rochtain a fháil ar chistí riachtanacha um phleanáil straitéiseach chun tionscnaimh áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn.

Ina theannta sin, tá sé de chumas ag go leor de na máistirphleananna sin tacú le hiarratais ar mhaoiniú amach anseo.

Rinne Ionadaí Comhshaoil LRP na Mí moladh ceangal a chruthú le haghaidh scéim Keep Cup, ar nós na scéime atá curtha i bhfeidhm cheana féin i gCill Airne, lena dhéanamh i mBaile Átha Troim. Tugadh é sin chuig an SPC agus ina dhiaidh sin réachtáladh cruinniú idir an Fhoireann um Gníomhú ar son na hAeráide, Ionadaí LRP, agus oibrithe deonacha ó ghrúpa Chill Airne agus pléadh conas a d'fhéadfadh sé tarlú. Tá an tionscadal le seoladh in 2025.

D'ullmhaigh LRP Chontae Chorcaí aighneacht do phróiseas Comhairliúcháin Phoiblí 2024-2029 de chuid Chomhairle Contae Chorcaí. I measc na moltaí, spreagadh daoine chun a gcuid bia féin a fhás (trí thionscnaimh/comórtais "Food not lawn"), móinéir bláthanna fiáine dúchasacha a chur nó limistéir féir a fhágáil gan ghearradh chun ár 98 speiceas beach a spreagadh (agus a shábháil), úsáid breoslaí soladacha a laghdú do cháilíocht aeir níos fearr agus do dhaonra níos sláintiúla, SECanna áitiúla (Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe) a chur chun cinn, siopaí athlíonta/gan dramhaíl a spreagadh, stáisiúin athlíonta uisce a shuiteáil (úsáid plaisteach a laghdú), crainn dhúchasacha a chur timpeall na cathrach agus na mbailte, iompar poiblí agus lánaí rothaíochta sábháilte ar leithligh a mhéadú, talamh a ligean ar chíos íseal do tháirgeoirí glasraí ar scála beag agus rochtain ar oideachas tumtha spraoi, lasmuigh agus dúlra a chinntiú (scoileanna foraoise do bhunscoileanna). D'oibrigh LRP Chontae Chorcaí go maith ar an SPC Comhshaoil chun contae níos inbhuanaithe a chruthú.

D'iarr Ionadaí Comhshaoil LRP Cheatharlach ar an SPC Pleanála, Comhshaoil, Aeráide agus Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, Fuinnimh agus Talmhaíochta an t-eolas is déanaí maidir le 12 acra de Choillearnach Strawhall i gCeatharlach. Tar éis aighneachtaí a dhéanamh, dheimhnigh Comhairle Contae Cheatharlach go bhfuil criosú beartaithe sa cheantar le haghaidh spás oscailte agus taitneamhachta. Dúradh freisin nach bhfuarthas aon fhreagra ó Greencore maidir leis an iarratas go dtabharfaí an talamh do Cheatharlach.

Tugadh cuireadh do gach iarrthóir de chuid Chiarraí a bhí ag rith sna toghcháin áitiúla freastal ar chruinniú an ghrúpa um Nascadh Comhshaoil, áit ar tugadh cur i láthair ar thrí thogra beartais i réimsí bainistíochta crann, úsáid lotnaidicídí, luibhicídí agus fuingicídí, agus soláthar leithdháiltí pobail. Chuir an cruinniú sin iarrthóirí ar an eolas faoi na réimsí tosaíochta a mbeadh Ionadaithe LRP Chiarraí um Chomhshaoil, Gníomhú ar son na hAeráide, na Mara agus na Pleanála Éigeandála ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ina leith le linn théarma 2024-2029. Athsheoladh Clár Leithroinntí Thrá Lí, le tacaíocht ó Ionadaí LRP Chiarraí ar an SPC agus ón Oibrí Forbartha. Tá obair ar siúl chun gach ceann de na trí sheasamh beartais a chur chun cinn ar leibhéal an SPC.

Aitheantas a thabhairt do Dhúshlán an Phobail

Bhí easpa aiseolais ag LRP an Chabháin ó lonadaithe in 2024. Fostaíodh éascaitheoir neamhspleách chun oibriú leo chun córas atá furasta a úsáid a aithint trína bhféadfaidís aiseolas a thabhairt dóibh ó 2025 ar aghaidh. Tharla sé sin mar nár éiríodh le leasanna na n-ionadaithe a bhunú den tríú huair i nGrúpaí Nasctha agus easpa suntasach tuairiscí ó chruinnithe a raibh siad ag freastal orthu.

In ainneoin oiliúint agus tacaíocht fairsing d'lonadaithe LRP Mhuineacháin maidir le hoibriú teoriciúil na SPCanna agus comhlachtaí cinnteoireachta eile, níor léirigh an taithí ar an láthair an tionchar a rabhthas ag súil leis ar na coistí sin. Aithníonn formhór na nlonadaithe nuair a dhéanann siad iarracht rudaí a phlé go gcuirtear siar iad, nó nach ndéantar aon ghníomh. Ar an gcúis sin, ní féidir linn aon togra sonracha a chur chun cinn faoi láthair.

Tuairiscíonn LRP Chill Dara, mar thoradh ar sheasamh siar an SPC i mí Bealtaine 2024, nach raibh deis ag go leor lonadaithe LRP ach freastal ar chruinniú amháin, rud a chuir teorainn lena dtionchar foriomlán ar ndóigh. Cé nach bhfuil samplaí sonracha againn de thograí ná de rúin a tugadh chun cinn le linn na tréimhse seo, bhí láithreachta na n-ionadaithe ag an mbord fós luachmhar. Chuir siad go mór leis na cruinnithe trí cheisteanna tuisceanacha a chur agus peirspictíochtaí a thairiscint a thug dúshlán agus a chur leis na díospóireachtaí. Chinntigh a rannpháirtíocht go raibh guth an phobail fós le cloisteáil, fiú i dtréimhse ama teoranta.



1. Comhaltas

Tá go leor buntáistí ag baint le ballraíocht LRP. Trí pháirt a ghlacadh in LRP, gheobhaidh eagraíocht:

- Rochtain ar fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú agus deontais a thagann tríd an Udarás Áitiúil.
- An deis a gcuid gníomhaíochtaí a fhógairt trí nuachtlitir, láithreán gréasáin, ríomhphoist an LRP srl.
- Rochtain ar imeachtaí chun acmhainn a fhorbairt agus ar imeachtaí oiliúna a thacóidh leo ina gcuid oibre.
- Rochtain ar fhaisnéis ar chinntí agus ar mholtaí atá á ndéanamh ina gcontae nó ina gcathair agus an cumas trácht a dhéanamh orthu agus ionchur a thabhairt dóibh, mar aon le balleagraíochtaí eile de chuid an LRP.
- Deis chun líonrú le heagraíochtaí eile sa chontae nó sa chathair agus foghlaim uathu, ar eagraíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith páirteach i dtionscadail den chineál céanna.
- An deis a bheith mar chuid de nascghrúpa do bhord nó do choiste leasa agus a bheith in ann a dtuairimí a chur in iúl agus cur leis an mbeartas áitiúil.

- An deis comhaltaí a ainmniú chun suí ar bhord nó ar choiste thar ceann an LRP.

Ní mór do gach eagraíocht rogha a dhéanamh a bheith páirteach i gColáiste amháin a dhéanann ionadaíocht ar a bpríomhleas — Pobal agus Deonach, Comhshaol nó Cuimsiú Sóisialta.


Ag deireadh na bliana 2024, bhí 20,421 grúpa comhaltais (**lena n-áirítear Comhaltaí Comhlacha**) ar fud 31 LRP. Bailíodh na figiúirí seo trí úsáid a bhaint as Bunachar Sonraí Salesforce LRP. Déanann eagraíochtaí Pobail agus Deonacha suas tromlach na gcomhaltas i gcónaí (80.2%), eagraíochtaí Cuimsithe Shóisialta ina dhiaidh sin (15.8%) agus Eagraíochtaí Comhshaoil (4%). I dTábla 2 thíos, tugtar miondealú ar chomhaltas de réir an chineáil eagraíochta agus léirítear na hathruithe comparáideacha i ngach réimse le linn 2024.

Tábla 2: Ballraíocht LRP 2023 agus 2024

Coláiste	2023 (n=31)	2024 (n=31)	Athrú ar Líon	% Iomlán 2024
Pobal agus Deonach	15,242	16,383	+ 1,141	80.2%
Comhshaol	730	817	+ 87	4%
Cuimsiú Sóisialta	3,081	3,217	+ 136	15.8%
Iomlán	19,063	20,421*	+ 1,358	

*Tabhair do d'aire maidir le figiúr iomlán 2024 – tá 4 ghrúpa cláraithe le LRP nach bhfuil sannta d'aon choláiste.

Thairg 15 LRP Ballraíocht Chomhlach. Is iondúil go mbaineann sé sin le heagraíochtaí nár chomhlíon na critéir ballraíochta iomlána, ach ar mian leo a bheith páirteach agus faisnéis a fháil.





2. Ionadaíocht agus Cinnteoireacht

Iarradh ar na LRPanna tuairisc a thabhairt ar an mbealach a ndeachaigh siad i gcomhairle lena ngrúpaí comhaltais, ó dháileadh faisnéise, go freastal ar imeachtaí comhairliúcháin agus le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh. Cuirtear achoimre ar fáil i dTábla 3 de na gníomhaíochtaí a ghlac na LRPanna chun tacú lena gcomhaltas lena bheith rannpháirteach i ndaonlathas pléghrúpa.

Tábla 3: Rannpháirtíocht i gComhairliúcháin, 2024

An Modh	I gcónaí	Uaireanta	Go hannamh	Riamh
Faisnéis a dháileadh ar bhallghrúpaí faoi chomhairliúcháin/suirbhéanna áitiúla	28	2	0	1 [^]
Faisnéis a dháileadh ar bhallghrúpaí faoi chomhairliúcháin/suirbhéanna náisiúnta	26	4	0	1 [^]
D'fhreastail ionadaithe LRP ar imeachtaí comhairliúcháin/suirbhé a dhéanann ionadaíocht ar an LRP	9	18	2	2
D'fhreastail Oibrí Acmhainne ar imeachtaí comhairliúcháin/suirbhé a rinne ionadaíocht ar an LRP	12	16	2	1 [^]
Aighneachtaí scríofa a dhéanamh chuig comhairliúcháin/suirbhéanna mar LRP nó mar fhoghrúpa (grúpa nasctha, etc.)	5	18	5	2 [#]
D'eagraigh an LRP comhairliúcháin/suirbhéanna lena bhallaíocht (i.e. cruinnithe agus suirbhéanna a eagrú le cur isteach ar aighneacht chomhairliúcháin)	6	18	5	2

Tabhair ar Aird: [^]In 2024, ní raibh foireann i bhfeidhm ag an LRP a thug an freagra 'riamh' ar na ceistanna seo. [#] Níor thug LRP amháin freagra ar an gceist seo, mar sin ní hé 31 an t-iomlán.

Mar atá le feiceáil i dTábla 3, chuir formhór na LRPanna faisnéis ar fáil dá gcomhaltaí i gcónaí faoi chomhairliúcháin áitiúla agus náisiúnta a bhí ar siúl. D'fhreastail Oibrithe Acmhainní nó Ionadaithe LRPanna ar imeachtaí comhairliúcháin thar ceann LRP 'I gcónaí' nó 'Uaireanta' i bhformhór na gcásanna, agus arís thuairiscigh an chuid is mó acu go ndearna siad aighneachtaí i scríbhinn nó gur eagraigh siad a n-imeachtaí comhairliúcháin féin lena gcomhaltaí 'I gcónaí' nó 'Uaireanta'.

Thug LRPanna samplaí de chomhairliúcháin rathúla in 2024 agus de shamhlacha comhroinnte dea-chleachtais. Tá siad sin le fáil in Aguisín 4.

Fís d'Fholláine an Phobail

Le tacaíocht ó mhaoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP), thuairiscigh 25 LRP go raibh Fís d'Fholláine an Phobail (VCW) curtha i gcrích acu. Tugann na LRPanna a bhfuil Físeanna comhlánaithe acu faoi deara go bhfuil cuid acu le hathbhreithniú. Tuairiscíonn na LRPanna go raibh na Físeanna mar bhonn do dhoiciméid bheartais.

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Cinnteoireachta

Ceann de na príomhréimsí inar féidir le LRPanna tionchar díreach a imirt ar chinntí a dhéantar ag leibhéal rialtais áitiúil is ea trí ionadaíocht ar bhoird agus ar choistí, ar nós Coistí um Beartais Straitéiseacha, Comhchoistí Póilíneachta, Boird Chontae agus mar sin de.

Tábla 4: Rannpháirtíocht Ionadaithe an LRP ar Bhoird agus ar Choistí sa bhliain 2024

	2024
Líon na nIonadaithe	834
Fir	419
Mná	411
Eile/B'fhearr liom gan a rá	4
Cion Fir: Mná: Eile	50:49:1*
Líon Iomlán na mBord agus na gCoistí	341


Tabhair ar Aird: *Líon slánaithe suas go dtí an uimhir is gaire.

Tháinig laghdú ar líon foriomlán na n-ionadaithe a tuairiscíodh ó 926 in 2023 go 834 in 2024. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur chlúdaigh tuarascáil 2023 30 LRP, agus gur bhliain athraithe í 2024 mar gheall ar thoghcháin áitiúla. Tháinig laghdú ar líon na mbord agus na gcoistí ar a suíonn na hIonadaithe ó 343 ar fud 30 LRP in 2023 go 341 ar fud 31 LRP in 2024.

Ba é 101 shuíochán an líon suíochán oscailte a bhí ar fáil le haghaidh ionadaíocht LRP ar bhoird agus ar choistí ag deireadh 2024.

Tacaíochtaí d'Ionadaithe LRP

Aithnítear ról rithábhachtach Ionadaithe LRP ar fud líonra LRP agus tá an-mheas ar an obair dheonach agus ar a dtaithí. Tá réimse tacaíochtaí curtha i bhfeidhm ar fud na LRPanna dá nIonadaithe. Tugann Tábla 5 níos mó sonraí.



Tábla 5: Tacaíochtaí d'lonadaithe an LRP sa bhliain 2024

Cineál Tacaíochta	Líon na LRPanna (n=31)	Líon na nGrúpaí (más infheidhme)
Nascghrúpaí	23	79
Grúpaí Téamacha/Gníomhaíochta	21	49
Cairt lonadaithe	28	
Oiliúint Shonrach d'lonadaithe LRP	29	
Oiliúint do Nascghrúpaí	11	
Foirmeacha Aiseolais ó Chruinnithe comhlánaithe ag lonadaithe	28	
Líonra lonadaithe Áitiúla LRP	13	
Tacaíocht Duine le Duine	27	

Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha

Sa chás go bhfuil nascghrúpaí nó Grúpaí Téamacha ann, is féidir leo a bheith i bhfoirm réimsí uileghabhálacha (mar shampla, Cuimsiú Sóisialta, Tithíocht agus Bonneagar, Comhshaol, Sláinte agus Folláine, Pobal agus Deonach, Forbairt Tuaithe, Pleanáil agus Forbairt Straitéiseach, Forbairt Eacnamaíoch, Sábháilteacht/Coireacht Phobail agus mar sin de) nó réimsí spéise níos sonraí (mar shampla nasctha le coistí sonracha nó bainteach leis an Óige, Daoine Scothaosta, Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht, Líonraí Míchumais, Cultúr agus na hEalaíona, Spórt, Uisce, Turasóireacht, Éagsúlacht, Iompar agus mar sin de).

Thuairiscigh cuid de na LRPanna go n-oibríonn ballraíocht coláiste/colún agus na gceantar bardasach mar ghrúpaí nasctha go maith, go háirithe nuair a dhéantar iad a chomhcheangal le réamhchruinnithe uilecholáiste d'lonadaithe roimh gach cruinniú dá gcoistí.

Chabhraigh sé sin lena chinntiú go bhfuil lonadaithe ó choláistí/colúin éagsúla ar an eolas faoi inní a chéile, a gcuipóirí don chruinniú agus go bhforbraítear tuiscint chomhroinnte.

D'aithin cuid de na LRPanna go mbaineann tiomantas breise ama leis an gceanglas go gcaithfidh grúpa nasctha bualadh le chéile 3 huaire sa bhliain ionas go measfar go bhfuil siad gníomhach. Chuaigh sé sin i bhfeidhm ar na hlonadaithe agus ar na baill araon. Thug LRP amháin faoi deara go raibh 'drogall ar bhaill glacadh leis na freagrachtaí breise agus na gealltanais ama atá i gceist, go minic ag lua tuirse mar thoradh ar chruinnithe agus coimhthíos dá bharr'.

Is é an rud a bhí úsáideach ná cruinnithe iomlánacha idir lonadaithe, Rúnaíocht agus Feisirí a reáchtáil mar 'ardán níos éifeachtaí agus níos cuimsithí chun nasc agus rannpháirtíocht a chothú idir comhaltaí agus lonadaithe. Tugann na formáidí sin deiseanna luachmhara ceangail gan cur le hualaí oibre na mball atá ann cheana. Bhain an-torthúlacht le deiseanna níos neamhfhoirmiúla a sholáthar do bhallraíocht agus d'lonadaithe chun bheith rannpháirteach.

Mar thoradh ar Thoghcháin Áitiúla in 2024 bunaíodh Boird agus Coistí nua, rud a bhí dúshlánach do roinnt toisc go raibh ar líonraí Nasctha agus Téamacha athrú freisin ionas go mbeadh siad fós ag teacht leo. Tugann cuid de na contaetha móra faoi deara, cé gur cuireadh an t-údarás áitiúil le chéile go hiomlán, nár cuireadh réimsí FSS le chéile agus d'fhéadfadh sé sin fadhbanna a chruthú.



Ionadaithe Ceantair Bhardasacha

In 2024, chinntigh LRPanna go raibh rannpháirtíocht i ngach Ceantar Bardasach (CBanna) nó ceantar geografach trí:

- Ionadaithe agus Rúnaíocht a bheith aige ó gach Ceantar Bardasach.
- Seónna Bóthair Pobail a reáchtáil ar fud na bPríomhfheidhmeannach go léir – (bhí LRP Phort Láirge ar an ngearrliosta do Ghradam Barr Feabhais Éireann sa chatagóir Tionscnamh na gCeantar Bardasach mar thoradh ar a seó bóthair).
- Cruinnithe grúpa nasctha a reáchtáil i gCeantair Bhardasacha éagsúla.
- Teagmháil ghníomhach a dhéanamh le gach grúpa comhaltais ar fud an réigiúin.
- Cruinnithe iomlánacha agus cruinnithe Rúnaíochta a reáchtáil i limistéir éagsúla den chontae.
- Éascú a dhéanamh ar réimse leathan imeachtaí líonraithe agus idirghníomhaireachta.
- Cruinnithe i bpearsa, cruinnithe hibrídeacha agus cruinnithe ar líne a chomhcheangal chun teagmháil a dhéanamh leis an oiread comhaltaí agus is féidir.
- Seisiúin faisnéise a sholáthar ar réimse leathan ábhar ar fud na CBanna.
- Dul i dteagmháil go digiteach le grúpaí comhaltais trí nuachtlitreacha agus na meáin shóisialta.
- Oibriú le grúpaí comhaltais chun réitigh a sholáthar ar shaincheisteanna inrochtaineachta.
- Cláir oibre chruinnithe Cheantair Bhardasacha na Comhairle a scaipeadh ar gach ballghrúpa sa cheantar agus rannpháirtíocht a spreagadh leis na hionadaithe tofa maidir le hábhair spéise.
- Seisiúin 'Buail leis an Iarrthóir' a éascú le haghaidh na dtoghchán áitiúil do gach Ceantar Bardasach.

- Seisiúin eolais LRP a reáchtáil i ngach CB chun feasacht a ardú agus rannpháirtíocht áitiúil a neartú.
- Cuairteanna for-rochtana a thabhairt ar ghrúpaí pobail i ngach ceantar, ag díriú go háirithe ar bhallghrúpaí nua, chun tacú le comhtháthú agus líonrú trasphobail a chothú.
- 'Mionráiteas Folláine' a chomhlánú ar bhonn bliantúil (LRP an Chabháin).
- Ríomhphoist spriocdhírthe a sheoladh chuig grúpaí atá cláraithe sa cheantar nuair a théann rud éigin i bhfeidhm ar cheantar geografach ar leith, m.sh., plean forbartha do cheantar ar leith.

Tuairiscíonn LRPanna, nach bhfuil Ceantair Bhardasacha acu, imeachtaí agus cruinnithe rothlacha ar fud codanna éagsúla dá gceantar chun clúdach agus cuimsiú a chinntiú.





3. Oiliúint agus Forbairt Acmhainne

Cuireann na LRPanna oiliúint luachmhar a bhíonn saor in aisce nó ar chostas íseal ar fáil dá gcomhaltas, dá Rúnaíochtaí agus dá nIonadaithe chun cabhrú leo páirt iomlán a ghlacadh ina bpobail. D'fhéadfadh an oiliúint sin a bheith teicniúil (mar shampla, conas iarratais ar mhaoiniú a scríobh; rialachas; cosaint sonraí) nó níos bunaithe ar scileanna boga (mar shampla, ceardlanna féinabhcóideachta; scileanna ceannaireachta; taispeántais théamacha).

Tá eagrú agus soláthar na feidhme oiliúna agus na forbartha acmhainne sin dian ar am agus ar acmhainní. Mar sin féin, is cuid thábhachtach d'obair na LRPanna é tacú lena ngrúpaí pobail páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil.

In 2024, chuir na LRPanna réimse leathan cláir oiliúna, cláir maidir le hacmhainn an phobail a fhorbairt, agus feachtas faisnéise agus feasachta ar fáil. Seo a leanas roinnt samplaí de na cineálacha oiliúna a sholáthair LRPanna in 2024.

Bhí tionchar suntasach ag LRP Cheatharlach trí Fheachtas Clárúcháin Vótálaithe míosa a eagrú, 'Let's Make Sure All Voices Are Heard in Carlow', agus ina dhiaidh sin Lá Clárúcháin Vótálaithe a réachtáil i gceantar mór i mBaile Cheatharlach. Dhírigh an tionscnamh sin ar rannpháirtíocht shibhialta a mhéadú roimh na toghcháin áitiúla agus na toghcháin Eorpacha.

Tairgeadh tacaíocht duine le duine ag imeacht pearsanta chun cabhrú le daoine clárú le vótáil, ag díriú go háirithe ar dhaoine óga, cónaitheoirí nua, agus pobail mhionlaigh. Le linn na hócáide, cabhraíodh le daoine a gclárúchán a sheiceáil nó a nuashonrú, agus chláraigh go leor acu den chéad uair. Chuir an feachtas an teachtaireacht 'It's your super-power – make sure your voice is heard in Carlow' chun cinn, ag cur béim ar chuimsitheacht agus ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht dhaonlathach. Trí chumhacht a thabhairt do níos mó cónaitheoirí páirt a ghlacadh sa phróiseas toghcháin, neartaigh LRP Cheatharlach ionadaíocht an phobail agus chabhraigh sé le toghthóirí áitiúla níos rannpháirtí agus níos feasaí a chothú. (Tabhair faoi deara go raibh imeachtaí comhchosúla ag go leor LRPanna eile toisc gur bhliain toghcháin in Éirinn a bhí in 2024).

D'oibrigh LRP Luimnigh le forbróir chun www.whichcandidate.ie a chruthú. Is tráth na gceist é an suíomh gréasáin seo trína bhféadfadh an t-úsáideoir, tar éis sraith ceisteanna a fhreagairt, a fheiceáil cén t-iarrthóir is mó atá ag teacht lena dtuairimí agus lena ndearcadh pearsanta. Fuarthas na ceisteanna do na hiarrthóirí ó bhallraíocht an LRP. Cheadaigh sé sin saincheisteanna áitiúla do Luimneach chomh maith le cúrsaí níos ginearálta a chur faoi bhráid na n-iarrthóirí. Seoladh é seo roimh na toghcháin agus is acmhainn iontach é do dhaoine rochtain níos éasca a fháil ar eolas faoi iarrthóirí an toghcháin.

D'eagraigh LRP Dhún na nGall ceardlanna feasachta litearthachta d'aosaigh i ngach CB. Tá sé an-tábhachtach a chinntiú go gcuireann grúpaí pobail ar chumas daoine páirt níos iomláine a ghlacadh ina bpobail agus go gcuireann siad ar chumas na ngrúpaí dearadh uilíoch agus Béarla simplí a úsáid ina gcuid fógraí, póstaer, ríomhphost agus ar fud na meán sóisialta chomh maith le freastal ar riachtanais litearthachta digítí bhall scothaosta an phobail. Léiríonn an clár seo solúbthacht agus inoiriúnaitheacht an LRP agus seiftiúlacht na foirne agus na Rúnaíochta chun freagairt do riachtanais an phobail agus a bhfeasacht ar a bpobal.

Reáchtáil LRP Chathair Bhaile Átha Cliath a chruinniú iomlánach i mí na Samhna 2023 in Óstán Riu Plaza, seachtain amháin tar éis na gcéiríbeacha i mBaile Átha Cliath. Rinneadh machnamh dáiríre ar an gcaoi a bhféadfadh an LRP tacú níos fearr le hobair frithchiníochais i measc a bhallghrúpaí. Mar fhreagra air sin, aontaíodh oiliúint frithchiníochais a thairiscint in 2024. Reáchtáladh trí sheisiún lena haghaidh sin agus é faoi stiúir éascaitheora a thug a shaineolas agus a d'éascaigh creataí praiticiúla do rannpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna casta laistigh dá ngrúpaí féin. Spreag an obair sin tiomantas níos leithne do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI), atá anois le leabú i bplean oibre 2025. Agus an fhís sin á léiriú tuilleadh, ainmníodh seisear iarrthóirí a bhfuil cúlra imirce acu i dtoghcháin an fhómhair 2024, rud atá ina chéim thábhachtach i dtreo ionadaíocht agus uilechuimsitheacht níos fearr laistigh den LRP agus ar fud a struchtúr.

Bhí obair EDI tábhachtach go háirithe do Ghrúpa Téamach Imirceach/Mionlaigh LRP Chathair Bhaile Átha Cliath. Leag na comhráite a spreagadh ag Seisiún Iomlánach mhí na Samhna 2023 an bunús le haghaidh rannpháirtíocht níos doimhne i rith 2024, agus é ag múnú an chaoi a ndeachaigh an grúpa i ngleic lena thosaíochtaí agus lena chomhoibriú. De réir mar a d'fhorbair tionscnaimh EDI, chabhraigh siad le muinín, infheictheacht agus acmhainn a fhorbairt laistigh den Ghrúpa Téamach Imirceach. Tá ról lárnach ag an bhfócas éabhlóideach sin anois ar fhás agus ar fhorbairt an ghrúpa, ag tacú lena iarrachtaí naisc níos láidre a chothú ar fud pobail agus tionchar a imirt ar bheartas, ó thaithí saoil.

Chuir LRP Liatroma cláir oiliúna ar fáil do thart ar 50 lonadaí, ag baint úsáid as a gcuid scileanna éagsúla chun cur ar a gcumas abhcóideacht agus tuairisciú a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. Bhain sé sin freisin le rannpháirtíocht le pearsanra agus le coistí Chomhairle Contae Liatroma, pleanáil SPC agus ullmhú leanúnach pacáistí oiliúna chun oiliúint a chur ar lonadaithe nua LRP go háirithe. Bhí tionchar ollmhór ag baint leis an bpacáiste oiliúna 40 leathanach sin chun tacú le hlonadaithe LRP a bhí ar fáil ar shuíomh gréasáin LRP Liatroma.

Tuairiscíonn LRPanna ar an iomlán 'go raibh tionchar dearfach ag oiliúint uile na mball a d'eagraigh LRP ar bhallghrúpaí LRP, ag cur lena gcuid eolais, lena scileanna agus lena bhfeasacht ar an iliomad ábhar tábhachtach a cumhdaíodh'.

Samplaí de chlár Oiliúna agus Forbartha Acmhainne a chuir LRPanna ar fáil in 2024

- Seimineár gréasáin na Scéime Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha
- Oiliúint Freagrachtaí na mBord agus na gCoistí
- Oiliúint Ionduchtúcháin Ionadaíochta/Rúnaíochta
- Oiliúint Zoom/Canva/Uirlisí Digiteacha
- Lá Clárúcháin Vótálaithe (agus fócas ar phobail imirceacha)
- Bainistíocht Tionscadail
- Tionól Saoránach Ollscoil Luimnigh

- Scileanna Cruinnithe – Ról an Chathaoirligh, Miontuairiscí a Scríobh
- Maoirseacht Airgeadais do Chomhaltaí an Bhoird
- Eolas faoi Dheontais agus Iarratais ar Mhaoiniú a Dhéanamh
- Pleanáil comharbais
- Scileanna Ceannaireachta Pobail
- Aireachas mar Uirlis Bainistíochta agus Tuirse Chomhbhá
- Na Meáin Shóisialta
- Cuimsiú Digiteach
- An Cód Rialachais do Charthanais
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Ceardlanna an Gheilleagair Chiorclaigh
- Oiliúint Bainistíochta Oibrithe Deonacha
- Comhpháirtíocht Chlár Oiliúna Carmichael
- Réiteach Coimhlinte
- AI/ChatGPT d'eagraíochtaí neamhbhrabúis
- Oiliúint Fianaiseach
- Réamhrá ar “theoiric an athraithe”
- Tuiscint a fháil ar an bPáipéar Uaine ar Leasú Mhíchumais
- Dualgas na hEarnála Poiblí
- Comhairle na hÉireann um Shaoirsí Sibhialta (ICCL), Rochtain, Oiliúint “Abhcóideacht a Dhaonlathú”
- Scileanna Éascaithe
- Scoileanna Samhraidh le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC)
- Éagsúlacht, cuimsiú, feasacht idirchultúir agus frithchiníochais
- Pleanáil Straitéiseach agus Tionscadail
- Ceardlann Phearsanta Lá Domhanda in aghaidh na Gáinneála
- Ceardlann Ollscoil Chorcaí/Fís Eorpach
- Struchtúir na mBeartas Áitiúil a thuiscint agus tionchar a imirt orthu

- Ceardlann Feasachta ar Litearthacht d'Aosaigh
- Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta
- Leabharchoimeád Bunúsach

Ag teacht lena n-éiteas pobail, nuair is cuí, tá oiliúint ar fáil do gach ball agus grúpa sa cheantar. Cuirtear oiliúint shonrach ar fáil do ghrúpaí áirithe (an Rúnaíocht agus na hIonadaithe, mar shampla).

Oiliúint a cuireadh ar fáil do na LRPanna

Oiliúint ar Líne do Pháirtithe Leasmhara le haghaidh LRPanna

Lean DRCD i gcomhar le Ceartas Sóisialta Éireann ag cur oiliúint ar líne ar fáil do na LRPanna in 2024. Cuireadh oiliúint an LRP do pháirtithe leasmhara ar fáil ar líne trí sheisiún réamhthairghe. Cuimsíonn na modúil 8 seisiún, agus roinntear cuid acu ina dhá fhéiseán chun rannpháirtíocht a chinntiú. Tá foirm aiseolais agus tráth na gceist ag gach modúl freisin, a ligeann do rannpháirtithe a gcuid foghlama féin a mheas agus tá ábhair bhreise a bhaineann leis an ábhar ar fáil lena n-íoslódáil. As na 78 chlárúchán a fuarthas in 2024, is iad Ionadaithe LRP ina bhfuil 33 rannpháirtí an grúpa páirtithe leasmhara is mó. Ina dhiaidh sin tá an Rúnaíocht ina bhfuil 21 bhall agus foireann LRP ina bhfuil 13 bhall. Chláraigh naonúr ó Fhoireann na nÚdarás Áitiúil agus chláraigh 2 Chomhairleoir in 2024.

Lean RFTP air ag maoiniú soláthar seirbhíse tacaíochta breise do LRPanna ag The Wheel i gcomhar le Adare HRM go luath i mí na Bealtaine 2024. Bhí sé i gceist ag an tseirbhís rochtain a thabhairt do LRPanna ar chomhairle ghairmiúil speisialaithe maidir le ceistanna AD, rialachais agus réitigh choinbhleachta. Tairgeadh seirbhís idirghabhála freisin mar chuid den tseirbhís, chomh maith le hoiliúint ar líne ar na nithe seo a leanas:

- Acmhainní Daonna
- Pleanáil straitéiseach
- Rialachas
- Ceannaireacht
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Oiliúint Salesforce

Lean DRCD ar aghaidh freisin ag maoiniú tacaíochta do LRPanna maidir le húsáid Salesforce, ag coimisiúnú Ionad Saorálaithe Bhaile Átha Cliath Theas (SDVC) chun leanúint ar aghaidh ag traenáil ar líne d'úsáideoirí nua agus d'ardúsáideoirí. In 2024, chuir SDVC an tacaíocht seo a leanas ar fáil:

444

cás aonair ar déileáladh leo agus 521 uair an chloig tacaíochta a tugadh do na cásanna sin

35

sheisiún oiliúna ar an iomlán

D'fhreastail**122**

comhalta foirne ar sheisiún oiliúna amháin nó níos mó

Cuireadh**72**

uair an chloig oiliúna ar fáil





4. Bainistíocht, Riarachán agus Airgeadas

Cruinnithe

Tionóladh 75 cruinniú iomlánacha agus 283 cruinniú Rúnaíochta san iomlán in 2024 i ngach ceann de na 31 LRP. Reáchtáladh 262 foghrúpa Rúnaíochta breise (e.g. foghrúpa idirchaidrimh foirne/Acmhainní Daonna, foghrúpa beartais, foghrúpa airgeadais, srl.) chomh maith le 137 cruinniú Bainistíochta/Idirchaidrimh leis an Údarás Áitiúil.

Tuairiscíonn na LRPPanna an méid seo a leanas:

- I gcás cuid acu, tá deacrachtaí ann seisiúin iomlánacha contae a óstáil mar gheall ar mhéid an chontae/líonra.
- In 2024 bhí roinnt athruithe ann ar an soláthar foirne freisin, rud a chruthaíonn fadhbanna arís le cruinnithe níos mó a eagrú.
- Go ginearálta, freastalaítear go maith ar chruinnithe, bíonn siad fiúntach agus éifeachtach.
- Bíonn clár oibre agus miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo i gcónaí ag cruinnithe.
- Mar gheall ar líon na gcruinnithe a bhíonn ann, bítear ag súil lena lán ó oibrithe deonacha a thugann a gcuid ama agus iad ag iarraidh cothromaíocht oibre a bhaint amach, teaghlach a thógáil, nó a chaitheann a gcuid ama scoir chun fónamh ar choistí ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Tá meas mór againn ar a dtiomantas agus ar a gcuid ionchur agus ba mhaith linn aitheantas agus meas leanúnach a thabhairt dóibh.

- Maidir le foghrúpaí, tugann LRP amháin faoi deara go bhfuil drogall ar bhaill na Rúnaíochta páirt níos mó a ghlacadh ná cruinnithe bunúsacha na Rúnaíochta. Bíonn tionchar aige sin ansin ar a gcumas pointí plean oibre a sheachadadh nó tacú leis an bhfoireann taobh amuigh de na sé chruinniú féin. Pléadh é sin leis an Rúnaíocht.
- Is iad cruinnithe rúnaíochta cnámh droma an LRP, a chuireann struchtúr, cuntasacht agus treo straitéiseach ar fáil. Tagann grúpa amháin le chéile ar líne ar an dara Máirt de gach mí chun nuashonruithe a roinnt, éisteacht leis an bhfoireann, agus tacú le forbairt leanúnach an líonra. In 2024, comhaontaíodh go nascfadh gach ball den Rúnaíocht le grúpa oibre colún nó le grúpa téamach chun cabhrú le cumarsáid a chuíchóiriú agus an lúb aiseolais a fheabhsú, rud a fhágfaidh go mbeidh an próiseas níos éifeachtaí agus níos soláimhsithe d'oibrithe deonacha. Is obair idir lámha é an cur chuige sin ach tá naic á neartú cheana féin ar fud an ghréasáin. Gan Rúnaíocht láidir, tiomanta agus rannpháirteach, ní fhéadfadh an LRP feidhmiú. Is é a dtiomantas (go minic sa chúlra) a ligeann don líonra níos leithne fás, éabhlóidiú agus rannpháirtíocht bhríoch sa daonlathas áitiúil a chur chun cinn.
- Oibríonn cruinniú cumaisc go han-mhaith do chruinnithe na Rúnaíochta agus mar thoradh air sin bíonn an córam riachtanach aige chun bualadh le chéile go rialta agus chun an Plean Oibre comhaontaithe a chur chun cinn.
- Cé go dtugann líon na gcruinnithe atá liostaithe léargas, ní léiríonn sé go hiomlán an tiomantas agus an t-ualach oibre suntasach a bhí ar an Rúnaíocht dheonach. Chomh maith le freastal ar chruinnithe na Rúnaíochta, glacann baill páirt ghníomhach i ngach seisiún iomlánach, imeachtaí líonraithe LRP, cruinnithe líonra na nIonadaithe, agus seisiúin phleanála straitéisí. Déanann go leor ball den Rúnaíocht ionadaíocht ar an LRP ag imeachtaí áitiúla, seoltaí, agus ar choistí cinnteoireachta áitiúla, chomh maith le freastal ar chomhdhálacha agus ar chruinnithe náisiúnta. Taobh amuigh dá róil LRP, leanann siad de bheith ina rannpháirtithe gníomhacha laistigh dá ngrúpaí pobail féin. Léiríonn an leibhéal ard dúthrachta agus rannpháirtíochta sin an ról ríthábhachtach atá ag an Rúnaíocht maidir leis an LRP a chothú agus a neartú. Tá a gcuid iarrachtaí leanúnacha, a bhíonn sa chúlra go minic, riachtanach chun ionadaíocht éifeachtach pobail a chinntiú agus gníomhaíochtaí LRP a sheachadadh go rathúil.

Struchtúr na LRPanna

Is féidir LRPanna a bhunú agus a fheidhmiú faoi líon struchtúir dlí agus riaracháin. As na 31 LRP a d'fhreagair, bhí 20 á n-óstáil ag an Údarás Áitiúil; bhí seacht gcinn á n-óstáil ag Eagraíocht Phobail eile agus bhí ceithre cinn ag oibriú mar chuideachtaí neamhspleácha.

As na **31 LRP a d'fhreagair,**

bhí

20

á n-óstáil ag an
Údarás Áitiúil

bhí

7

gcinn á n-óstáil
ag Eagraíocht
Phobail eile

bhí

4

cinn ag oibriú
mar chuideachtaí
neamhspleácha

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Thuairiscigh 29 LRP go raibh siad páirteach i roinnt comhoibrithe idirghníomhaireachta in 2024. Tugadh ar aird go gcuirtear luach ollmhór le gníomhaíochtaí an LRP nuair a théitear i gcomhar le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí eile.

Tá roinnt samplaí curtha le chéile thíos:

Chomhoibrigh LRP Cheatharlach le Comhaontas Aoisbhá Cheatharlach, Comhairle Contae Cheatharlach, Fóram Daoine Scothaosta Cheatharlach agus comhpháirtithe eile chun tacú le suirbhé comhairliúcháin a raibh sé mar aidhm aige an pobal a dhéanamh níos aoisbháúla. Bhí an suirbhé, a chuireann bonn eolais faoi Straitéis Aoisbhách Cheatharlach 2025–2029, mar chuid de thionscnamh maoinithe ag Éire na Sláinte atá ag teacht le hAoisbhá Éireann agus le Creat Domhanda Aoisbhách na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Chuir LRP Cheatharlach an comhairliúchán chun cinn trína líonra, d'éascaigh sé rannpháirtíocht i réimsí CB ó phobail atá deacair a bhaint amach, agus chinntigh sé ionadaíocht chuimsitheach agus rannpháirtíocht láidir, ag cur béim ar ról an LRP mar nascóir idir údaráis áitiúla agus guth an phobail.

Tháinig méadú suntasach ar rannóg Aeráide agus Comhshaoil Chomhairle Contae Chill Mhantáin go luath in 2024. D'eagraigh LRP Chill Mhantáin ócáid do bhallghrúpaí chun bualadh leis an bhfoireann nua, lena n-áirítear an Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, an tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, an tOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an tOifigeach Feasachta Comhshaoil. Cuireadh an tOifigeach Bithéagsúlachta nua in aithne chomh maith. Rinne gach ball foirne cur síos ar a ról, agus tugadh léargas do rannpháirtithe ar a réimsí saineolais agus ar a gcuid oibre faoi láthair agus amach anseo. Bhí deis ag rannpháirtithe bualadh freisin leis an Stiúrthóir um Sheirbhísí Aeráide, Comhshaoil, Caitheamh Aimsire agus Conláiste agus leis an Innealtóir Sinsearach don Chomhshaoil. Bhí an cruinniú ar siúl in Ionad Feirme Orgánaí agus Éiceolaíochta An Tairseach, ballghrúpa de LRP Chill Mhantáin. Leanadh ar aghaidh le tuilleadh comhráite le linn turas thart ar an bhfeirm agus le linn lóin. Bhí an cruinniú rithabhachtach chun naisc a fhorbairt agus cumarsáid a mhéadú idir foireann an údaráis áitiúil agus pobail ar an talamh. Spreag agus d'éascaigh sé níos mó rannpháirtíochta le pleananna agus le straitéisí éagsúla agus le déanaí, le forbairt líonra Bailte Slachtmhara sa chontae.

Oibríonn LRP Mhaigh Eo go dlúth le príomheagraíochtaí áitiúla chun a chinntiú go gcloistear agus go dtacaítear le guth an phobail. Glacann sé páirt ghníomhach agus suíonn sé ar choistí in éineacht le Comhairle na nÓg, Éire na Sláinte, agus grúpa oibre an Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil. Tríd an gcomhoibriú sin, cuireann LRP Mhaigh Eo le pleanáil straitéiseach agus le próisis chinnteoireachta a mbíonn tionchar acu ar fholláine an phobail. Ina theannta sin, freastalaíonn LRP Mhaigh Eo go rialta ar imeachtaí áitiúla agus cuireann sé réimse leathan gníomhaíochtaí agus tionscnamh chun cinn chun an pobal a spreagadh agus a chumhachtú. Trí chomhpháirtíochtaí láidre a chothú agus láithreacht ghníomhach a choinneáil, cabhraíonn LRP Mhaigh Eo le contae atá níos cuimsithí agus níos nasctha a chruthú.

Chomhoibrigh LRP Fhine Gall le hAoisbhá ar chomhairliúcháin/ceistneoirí maidir leis an Straitéis Aoisbhách.

D'fhreastail Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe ar ócáid Sheachtain Shláinte na bhFear i gcomhar le hÉire na Sláinte.

Roinn LRP Luimnigh faisnéis maidir le himeachtaí faisnéise maoinithe Leader sular seoladh iad.

Neartaigh LRP Chathair Bhaile Átha Cliath a chomhoibriú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath trí réimse gníomhaíochtaí agus imeachtaí, lena n-áirítear Lá na hAfraice, an tSeachtain um Chuimsiú agus Lánpháirtíú, Féile Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath, agus laethanta spraoi teaghlaigh a reáchtáladh i bpáirceanna agus in ionaid faoi dhíon. D'fhás an chomhpháirtíocht sin agus tá sí níos comhoibrithe anois, agus fócas láidir ar spriocanna comhroinnte agus tacaíocht fhrithpháirteach. Cé go n-aithníonn an LRP go mbainistíonn an chomhairle punann oibre thar a bheith gnóthach agus iomlán, táthar ag súil go mbeidh an comhoibriú sin fós bunaithe ar mheas frithpháirteach agus ionracas gairmiúil. Tá LRP Chathair Bhaile Átha Cliath ag tnúth le cur leis an mbonn seo in 2025, ag cothú rannpháirtíochta, foghlama agus naisc pobail fhiúntacha.

Chabhraigh LRP Dhún na nGall le Comhairle Óige Dhún na nGall le toghcháin a reáchtáil chun Comhairle Óige nua 2024 – 2026 a thoghadh.



Bhí an comhoibriú fós ina ghné láidir oibre de LRP Thiobraid Árann. Tá dlúthcheangal ag Coistí na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC), CFPÁ, Comhairle na nÓg, Aoisbhá Éireann, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann (BOO) leis an LRP agus lena chomhaltaí. Tá lonadaí LRP ar Fhóram Folláine an BOO, ag obair chun tacú leis an 22,000 mac léinn breisoideachais agus iad ag tabhairt faoina gcuid gnóthachtálacha oideachais. Struchtúr nua in 2023 ba ea Comhghuaillíocht Réigiúnach um Litearthacht d'Aosaigh (RALC) an BOO. In 2024, b'áit iontach é sin do LRP Thiobraid Árann chun a naisc a neartú le seirbhísí Leabharlainne an chontae, seirbhísí míchumais FSS agus eile, amhail grúpaí áitiúla don Lucht Siúil agus Faisnéis do Shaoránaigh. Oibríonn LRP Thiobraid Árann, Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus Terra Nua, an ghníomhaireacht dífhostaíochta, le chéile anois chun tacú lena chéile maidir le beartaí agus le hacmhainní na seirbhísí aonair a nuashonrú. Le linn 2024, mhol LRP Thiobraid Árann cur chuige struchtúr cothrom do na cruinnithe ráithiúla. Aontaíodh é sin agus is é an comhordaitheoir LRP an t-éascaitheoir don chéad bhliain anois agus freastalaíonn sé freisin ar aon imeachtaí móra litearthachta chun tacú le comhordaitheoir RALC. Tá naisc úsáideacha cruthaithe sa réimse oideachais seo de bharr tuilleadh líonraithe litearthachta réigiúnacha agus náisiúnta. Nuair a bhíonn riachtanais litearthachta á gcomhlíonadh, is cineál comhionannais é sin agus, ar a seal, bíonn tionchar acu sin ar obair chomhionannais LRP Thiobraid Árann féin. Chun a chinntiú go mbíonn aon fhoilseachán nua i mBéarla simplí anois, thug an fhoireann ar fad faoi oiliúint litearthachta. Léirigh beirt ón bhfoireann spéis in oiliúint bhreise agus tá siad ag iarraidh a bheith ina gcosantóirí litearthachta creidiúnaithe in 2025. Cuirfear oiliúint orthu in éineacht le baill foirne eile ó bhalleanagraíochtaí RALC agus mar sin leanann an comhoibriú bunaithe ar an mBord Oideachais agus Oiliúna i ngach leibhéal den LRP.

D'óstáil LRP Laoise, i gcomhar le Comhairle Contae Laoise, Gradaim Phobail agus Dheonacha Laoise 2024. Is ballghrúpaí LRP iad na hainmnithe go léir. Tugann na Gradaim aitheantas do na grúpaí pobail agus do na hoibrithe deonacha i Laois a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha inár bpobal áitiúil agus déantar iad a cheiliúradh. Tionscnamh um chosc coireachta is ea Marcóir Maoine LRP Laoise. Chuir LRP Laoise an tionscnamh seo um chosc coireachta i bhfeidhm i gcomhar leis an nGarda Síochána, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Laoise. Tá LRP Laoise ina bhall den Chumann Aoisbhá agus aithnítear é mar phríomhpháirtí leasmhar i gcur chun feidhme na Straitéise Aoisbhách. Tá LRP Laoise ina bhall de ghrúpa stiúrtha Chomhairle na nÓg. Thacaigh LRP Laoise le cumhachtú daoine óga trí Chomhairle na nÓg i Laois agus thacaigh sé leo a bplean oibre do 2024 a bhaint amach. Tá comhoibriú leanúnach ag LRP Laoise maidir le meabhairshláinte agus féinmharú a chosc. Thacaigh LRP Laoise le comhordaitheoirí Aoisbhá agus Sláinte Laoise le Live Well Expo, trí chur chun cinn na hócáide agus freastal ar an lá. Chuir an Live Well Expo faisnéis luachmhar ar fáil faoi sheirbhísí sláinte agus folláine atá curtha in oiriúint do riachtanais áitiúla. Tá go leor de na daoine a bhí i láthair ina mbaill de ghrúpaí gníomhacha scoir agus grúpaí pobail eile i Laois.

Sholáthair LRP Ros Comáin “Clár Oiliúna Pobail Chontae Ros Comáin” atá saincheaptha in 2024, comhoibriú idirghníomhaireachta atá ag freagairt do riachtanais oiliúna pobail. Tá an tionscnamh faoi stiúir LRP Ros Comáin i gcomhar le Comhpháirtíocht LEADER Ros Comáin agus Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe Ros Comáin agus tá sé bunaithe ar anailís ar riachtanais oiliúna a rinneadh le 400+ grúpa pobail sa chontae. Le linn 2024, cuireadh 12 cheardlann oiliúna pobail ar fáil agus bhí breis agus 100 duine i láthair.

Is comhoibriú é Age Well Expo agus Clinic Fuinnimh Bhaile Loch Garman le hAoisbhá Loch Garman agus le Tithe Aoisbháúla Folláine Aoisbhá Éireann. Léirigh an taispeántas seirbhísí, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí chun todhchaí a sheasfaidh an aimsir a chruthú. Ar an lá bhí mol digiteach ann chomh maith le leabharlanna, Nasc Áitiúil, faisnéis faoi dheontais na comhairle contae, comhar creidmheasa, oifig rochtana Loch Garman na Sláinte, sábháilteacht dóiteáin, an Garda Síochána, Meabhairshláinte Loch Garman, Cúramóirí Teaghlaigh, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, FSS, Cumann Alzheimer na hÉireann agus Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann. Bhí comhairleoirí fuinnimh ar fáil chun comhairle duine le duine a sholáthar maidir le huasghráduithe fuinnimh tí. Bhí cainteanna faisnéiseacha ann maidir le cosc ar choireacht, a bheith cliste faoi chalaois, sábháilteacht dóiteáin agus d'inchinn a choinneáil gníomhach. Bhí an ócáid saor in aisce agus oscailte do chách. Cuireadh sólaistí éadroma ar fáil. D'fhreastail a lán daoine ar an taispeántas agus thug an lucht freastail aiseolas an-dearfach. Tá pleananna ann do chomhoibrithe breise Age Well Expo in 2025. I measc obair chomhoibríoch eile, tugadh cuireadh do chainteoirí ar chaomhnú fuinnimh tí ó Ghníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt agus ó Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) labhairt ag ár gcuinniú iomlánach agus d'éirigh linn dul i mbun oibre freisin le hOifig um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Loch Garman ar bhonn leanúnach i rith 2024. Reáchtáladh imeacht saothróirí pobail i mí an Mhárta 2024 i gcomhar le Loch Garman na Sláinte.

D'oibrigh LRP Chill Dara i gcomhar le réimse comhpháirtithe lena n-áirítear an CFPÁ, Éire na Sláinte, agus an Clár Aoisbhách chun tacú le tionscnaimh atá dírithe ar an bpobal a chur chun cinn agus a sheachadadh ar fud an chontae. Gné thábhachtach den chomhoibriú sin ba ea úsáid straitéiseach na ríomhfheasachán agus na n-ardán meán sóisialta chun scaipeadh leathan agus cuimsitheach faisnéise a chinntiú. Bhí tionchar an chomhoibrithe sin soiléir: d'éirigh linn níos mó den phobal a shroicheadh, forbraíodh feachtas níos fearr ar dheiseanna áitiúla, agus tógadh rannpháirtíocht níos láidre idir páirtithe leasmhara pobail agus cinnteoirí. Bhí sé sin ar fad indéanta trí bhealaí cumarsáide comhsheasmhacha, iontaofa an LRP.

Bhí baint mhór ag Ionadaithe agus ag baill LRP Shligigh le Cumann Aoisbhá Shligigh i rith 2024 agus chabhraigh siad le forbairt agus le cur i bhfeidhm “Straitéis Aoisbhách Shligigh 2023-2026”. Thug Ionadaithe LRP léargas ag cruinnithe an Chomhaontais Aoisbhá agus chuir siad imní in iúl ó bhallghrúpaí LRP, go háirithe iad siúd atá ag obair le daoine scothaosta (béilí ar rothaí, tithe altranais... etc.). Chinntigh sé sin go gcuirfí tosaíochtaí phobal scothaosta éagsúil Shligigh san áireamh sa phleanáil straitéiseach (rochtain ar sheirbhísí, tionscnaimh rannpháirtíochta sóisialta). Trí ionadaíocht LRP a bheith aige, cruthaíodh teagmháil dhíreach idir an Comhaontas Aoisbhá agus eagraíochtaí an phobail, chun contae aoisbhách a éascú agus a fhorbairt, agus a chinntiú go bhfreastalaíonn beartais agus seirbhísí ar riachtanais daoine scothaosta ar fud Shligigh.

D'oibrigh LRP Chill Chainnigh i gcomhar le Cill Chainnigh na Sláinte chun an tseirbhís a chur chun cinn agus chun gníomhartha inaitheanta a sheachadadh. Mar chuid den phróiseas seo, ghlac an LRP páirt i bhforbairt tuarascála taighde ar shláinte agus ar fholláine i gceantar i gCathair Chill Chainnigh ina bhfuil leibhéil níos airde bochtaineachta agus díothachta, agus é mar aidhm aige sláinte agus folláine na ndaoine sna ceantair sin a fheabhsú. Lean LRP Chill Chainnigh ar aghaidh ag obair i gcomhar le Comhairle Daoine Scothaosta Chill Chainnigh maidir le bainistiú, aitheantas rannpháirtithe, árachas agus dáileadh táibléad (ríomhairí) Aoisbhá. Cé gur tionscnaíodh é sin chun aonrú sóisialta a mhaolú i measc ball den daonra scothaosta i bhfianaise shrianta Covid-19, lean an dul chun cinn ar aghaidh agus tá sé anois ina thionscadal comhoibríoch ann féin. Lean LRP Chill Chainnigh ar aghaidh ag cabhrú le Grúpa Rochtana Chill Chainnigh, an grúpa abhcóideachta do dhaoine atá faoi mhíchumas i gCill Chainnigh. Ina theannta sin, tá sé ina bhall d'Fhóram Comhtháthaithe Pobail Chill Chainnigh ar a bhfuil príomhpháirtithe leasmhara ar fud an chontae a oibríonn le chéile chun cabhrú le baill de phobal na hÚcráine, inimircigh agus dídeanaithe aistriú go dtí an saol anseo i gCill Chainnigh, agus mar chuid d'fhochóiste cumarsáide an Fhóraithe a bhfuil sé de chúram air teachtaireachtaí dearfacha a chur chun cinn.

Tá comhaontú déanta ag LRP an Chláir le grúpa tras-stiúrthóireachta ó Chomhairle Contae an Chláir chun tionscnamh nua a reáchtáil ar bhonn píolótach atá dírithe ar oiliúint bhunúsach agus ionduchtú a chur ar fáil do chomhairleoirí agus d'ionadaithe LRP atá ag teacht isteach le chéile ag ócáid ar nós comhdhála le ceardlanna agus deis líonrú a dhéanamh agus aithne a chur ar a chéile. D'oibrigh muid le chéile ar an bpleanáil tionscadail don ócáid seo a mhaoinigh Comhairle Contae an Chláir go fial. Ba é an aidhm a bhí againn ná bacainní a shárú eatarthu siúd a bheadh ag obair le chéile ar na SPCanna agus leibhéal comhroinnte oiliúna tosaigh a chinntiú ar shaincheisteanna ríthábhachtacha amhail a ndualgas san earnáil phoiblí agus achtanna comhionannais stádais, ról agus freagrachtaí an rialtais áitiúil, na táscairí socheacnamaíocha don Chlár agus ról agus sainchúram LRP an Chláir.

Chomhoibrigh LRP Chontae na Gaillimhe le Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Ghradaim an Chathaoirligh 2024. I gcomhar le hOileáin Shláintiúla, thaistil foireann LRP go hInis Mór agus go hInis Bó Finne chun eolas a roinnt leis na grúpaí go léir. Chomhoibrigh an LRP leis an oifig Ealaíon don Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair, ar ar fhreastail an líon ba mhó riamh i gContae na Gaillimhe.

Chomhoibrigh LRP Liatroma le Liatroim na Sláinte ar dhá imeacht a bhí dírithe ar dhaoine os cionn 55 bliain d'aois. Bhí LRP Liatroma ar an gcoiste eagraithe leis an nGarda Síochána, Comhairle Contae Liatroma, Comhlacht Forbartha Liatroma agus Aoisbhá Liatroma.

Roinneann LRP Dhún Laoghaire Ráth an Dúin (DLR) eolas ó réimse leathan eagraíochtaí, lena n-áirítear Comhpháirtíocht Spóirt DLR. Tá an LRP ar choiste comhairleach Chomhairle na nÓg agus tugadh an deis dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a chur chun cinn ar ár gclár raidió pobail. D'oibrigh muid go dlúth le hAonad um Chuimsiú Sóisialta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin don ócáid Naisc a Fhorbairt. Ar Dublin South FM, comhoibrímid ar an bpodchraoladh míosúil Community Connections a chuireann grúpaí áitiúla agus a ngníomhaíocht chun cinn. Bhain comhoibriú tábhachtach amháin a rinneadh le Comhairle Contae DLR le Dámhachtainí Pobail agus Oibrithe Deonacha DLR. Tugadh cuireadh don LRP cabhrú leis na catagóirí a chinneadh, na dámhachtainí a chur chun cinn, agus suí ar an bpainéal a rinne measúnú ar na hiontrálacha.



Chomhoibrigh LRP Chiarraí ar an tionscnamh 'Mná sa Rialtas Áitiúil' le Comhairle Contae Chiarraí agus Aoisbhá Chiarraí. D'fhéach an tionscnamh le rannpháirtíocht ban ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil agus náisiúnta. Reáchtáladh imeacht pearsanta inar tugadh léargas ar an rialtas áitiúil, cur i láthair ar shaoránacht ghníomhach, teagmháil agus rannpháirtíocht bhaill foirne LRP Chiarraí agus baill na Rúnaíochta, agus ina dhiaidh sin, díospóireacht phainéil agus ceisteanna agus freagraí le hionadaithe tofa mná ó Chomhairle Contae Chiarraí. Forbraíodh leabhrán 'Éagsúlacht agus Teagmháil a Mhéadú agus Rannpháirtíocht na mBan sa Rialtas Áitiúil i gContae Chiarraí' mar threoir thagartha do mhná ar spéis leo níos mó a fhoghlaim faoi bhealaí rannpháirtíochta agus struchtúir an rialtais áitiúil.

Tugadh cuireadh do LRP Chathair Chorcaí suí ar an 'nGrúpa Ceannaireachta Neodrach ó thaobh na hAeráide de' i gCathair Chorcaí. Cuimsíonn an grúpa sin páirtithe leasmhara éagsúla ar fud na cathrach, agus is é an sprioc ná ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú 80% agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2030. Tá LRP Chathair Chorcaí ina shuí freisin ar an gcoiste um Chathracha Sláintiúla agus idirghníomhaireachtaí ar fud na cathrach. Cinntíonn sé sin go bhfuil an LRP infheicthe dóibh siúd atá ag obair i bpobail agus cabhraíonn sé le feachtas a mhéadú ar an LRP agus ar an tionchar agus na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh do ghrúpaí pobail.

D'oibrigh LRP an Chabháin go dlúth le Líonra Míchumais an Chabháin chun a gCruinniú Cinn Bhliana agus a bplean oibre bliantúil a óstáil. As sin a d'eascair dlúth-chomhpháirtíocht oibre a chríochnaigh le ceiliúradh comhpháirteach ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas. Tá súil againn an léiriú réamhghníomhach agus inléirithe sin de chomhpháirtíocht le príomhpháirtithe comhoibritheacha eile a chur i láthair arís.

Chuaigh LRP an Longfoirt i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Longfoirt chun sraith seónna bóthair faisnéise maoinithe a chur ar fáil ar fud Cheantair Bhardasacha Ghránard, Bhaile Uí Mhatháin agus an Longfoirt. Chuir na himeachtaí sin rochtain dhíreach ar fáil do ghrúpaí pobail ar fhaisnéis faoi dheiseanna maoinithe atá ar fáil, próisis iarratais agus tacaíochtaí, agus cabhraíodh leo acmhainní a fháil do thionscadail áitiúla. Neartaigh an comhoibriú naisc idir an Chomhairle agus grúpaí pobail, rud a thug cumhacht do rannpháirtithe tionscnaimh a chur chun cinn a rachaidh chun tairbhe dá gceantair.

D'oibrigh LRP na Mí le Mí/Lú na Sláinte i gcéimeanna forbartha, taighde agus comhairliúcháin an tionscadail Ceangal Pobail, chun acmhainní a aimsiú i ngach contae agus plean a cheapadh chun oiliúint a chur ar chosantóirí pobail.

D'éascaigh LRP na hlarmhí comhoibriú an-rathúil le hÉire na Sláinte. D'fhreastail 15 dhuine ar cheardlann 'Grow Your Own' a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair i gcomhar le hlarmhí na Sláinte. Leag an cheardlann béim ar an tábhacht a bhaineann le do bhia féin a fhás atá cothaitheach agus sláintiúil agus a chabhróidh dul i ngleic le murtall. Cabhraíonn do bhia féin a fhás freisin le dul i ngleic le hathrú aeráide trí lorg carbóin a laghdú. Laghdaítear an t-achar a chaithfidh an bia taisteal go mór agus is lú lotnaidicídí a úsáidtear ann.





Suíonn Oibrí Acmhainne LRP Lú ar roinnt bord agus coistí. Tá siad mar chuid de Rúnaíocht an Bhoird Forfheidhmithe um Chreat Saorálaíochta agus ina gcathaoirleach ar an bhfoghrúpa cumarsáide/feasachta. Tá sé de chúram ar fhochoiste Sláinte agus Folláine CFPÁ Lú maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Sláinte agus Folláine Lú. Ina theannta sin, tá siad ina mball de Choiste Éire Ildánach Lú a dhéanann maoirseacht ar leithdháileadh an mhaoinithe do thionscadail Éire Ildánach sa chontae agus ar dhul chun cinn na dtionscadal sin go dtí go gcríochnófar iad. Éascaíonn ballraíocht na gcoistí sin comhroinnt faisnéise idir ranna agus eagraíochtaí éagsúla, rud a fhágann go mbíonn comhoibriú níos fearr ar thionscadail agus úsáid níos éifeachtaí ar na hacmhainní atá ar fáil. I measc samplaí de pháirtithe leasmhara eile ar na coistí seo tá Ionad Deonach Lú; Comhairle Contae Lú (Lú na Sláinte, Aoisbhá Lú, Éire Ildánach agus Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide), Forbairt Áitiúil Lú, Cumann Tráchtála, Obair don Aos Óg Éireann, Bord Oideachais agus Oiliúna Lú/na Mí, FSS, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil, An Garda Síochána, Leabharlanna Lú agus soláthraithe seirbhíse éagsúla. Comhoibríonn LRP Lú go rialta le FSS chun faisnéis a bhaineann le sláinte a chur ar aghaidh chuig an bpobal trí fhoilsiú seachtainiúil na nuachtlitreach. Duine de Rúnaíocht LRP Lú is ea Comhordaitheoir Chomhairle na nÓg i Lú. Mar thoradh ar an gcomhoibriú sin cruthaíodh e-zine óige iLUMinate, foilseachán ar líne a eisítear go ráithiúil agus atá deartha agus scríofa ag baill óige do bhaill óige, ina bhfuil faisnéis, seirbhísí tacaíochta agus acmhainní úsáideacha a bhaineann le baill óige ar fud an chontae.

Bhuail LRP Mhuineacháin go rialta le foghrúpa comhionannais CFPÁ Mhuineacháin agus pléadh saincheistanna a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe, an Straitéis um Lánpháirtíú Imirceach, agus an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta. Cuirtear nuashonruithe ar fáil freisin ó pháirtithe leasmhara an fhoghrúpa comhionannais ag na cruinnithe sin maidir le míreanna ar nós bochtaineacht leanaí, Muineachán atá Oiriúntach don Uathachas agus Clár Óige an Phláinéid. Rinne an LRP, i gcomhar le Tionól na mBan Mhuineacháin, sraith iniúchtaí sábháilteachta ar Shiúlóid na mBan i gcúig shuíomh i Muineachán le linn 2024 agus tuairiscíodh na torthaí do na Ceantair Bhargasacha ábhartha. Bhuail LRP Mhuineacháin le coiste stiúrtha Chomhairle na nÓg roinnt uaireanta in 2024 agus cuireadh an t-eolas is déanaí ar fáil ón ngrúpa maidir le dul chun cinn phlean oibre na Comhairle do 2024. Chuir ceathrar ionadaithe óga ón gComhairle torthaí na hócáide 'Let's Talk' i rith an tsamhraidh faoi bhráid bhaill tofa na comhairle. Ba iad na príomhcheistanna a tháinig chun cinn i measc daoine óga ná strus scrúdaithe, meabhairshláinte, iompar, agus saincheistanna don phobal LADTAI+. D'fhreastail LRP Mhuineacháin ar Chomhdháil Bhliantúil Óige Chomhairle na nÓg in Óstán an Hillgrove, a bhí faoi stiúir na hóige agus a thaispeáin cuid de na réimsí oibre a cuireadh i gcrích i rith na bliana, le béim ar leith ar an ócáid 'Let's Talk'. Chabhraigh LRP Mhuineacháin le príomhpháirtithe leasmhara a eagrú a bhíonn ag obair le daoine óga chun seastáin eolais a chur ar fáil ag an ócáid.

Bhí seónna bóthair LRP Phort Láirge ar siúl ó mhí Feabhra go Bealtaine agus thug siad deis do phobail áitiúla teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an LRP chomh maith le heagraíochtaí comhpháirtíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Fuair na céadta lucht freastail treoir maidir le grúpaí pobail a bhunú agus rochtain a fháil ar mhaoiniú do thionscnaimh áitiúla a chruthaíonn pobail níos láidre, níos cuimsithí agus níos beoga. Buntáiste ollmhór eile ba ea an nasc agus an líonrú idir na páirtithe leasmhara ag na himeachtaí seo agus an luach mór a bhain leo sin a reáchtáil in iarracht chomhoibríoch. Is iad LRP Phort Láirge agus Port Láirge na Sláinte a thionscain an clár i gcomhpháirtíocht le réimse eagraíochtaí, lena n-áirítear Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail, Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge, Comhpháirtíocht Cheantair Phort Láirge, Port Láirge Ildánach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na seirbhísí éigeandála, agus Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge, i measc grúpaí eile. Bhí na Seónna Bóthair ar an ngearrliosta freisin i 'nDámhachtainí Barr Feabhais Chambers Ireland' a reáchtáladh i mí na Samhna 2024 sa chatagóir "Tionscnamh na gCeantar Bardasach". Aithnítear leis an dámhachtain sin an tionchar a bhíonn ag tionscnaimh a mhéadaíonn ionchur bhaill an cheantair bhardsaigh ar éifeachtacht na n-údarás áitiúil, go háirithe i dtéarmaí rialachais, ionadaíocht áitiúil, seoladh gnó na comhairle, rannpháirtíocht an phobail, agus forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus áitiúil i gcoitinne.

Cuimsiú Sóisialta

Tá deis ar leith ag na LRPanna laistigh de phobail a bheith rannpháirteach i raon iomlán de ghrúpaí atá ar an imeall agus chun tacú leo le bheith rannpháirteach sna próisis dhaonlathacha. Thuairiscigh 28 LRP (tabhair faoi deara go raibh ganntanas foirne ag roinnt LRPanna in 2024) gur thacaigh siad go gníomhach le grúpaí a bhíonn fágtha ar lár go sóisialta, pobail ina bhfuil leibhéil arda bochtaineachta, pobail a ndéantar idirdhealú orthu, lena n-áirítear an Lucht Siúil chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh ag leibhéal áitiúil agus contae in 2024. I measc roinnt samplaí de ghníomhaíochtaí a rinneadh thar ceann an LRP chun a gclár oibre um chuimsiú sóisialta a chur chun cinn:

D'fhreastail seachtó duine ar chruinniú Fhóram Imirceach Luimnigh le páirtithe leasmhara. Bunaíodh an Fóram Imirceach le tacaíocht ó LRP Luimnigh agus in 2024, rinneadh Ionadaithe LRP de thriúr ball den Fhóram ar Choistí um Beartais Straitéiseacha na Comhairle tar éis meantóireachta agus tacaíochta.

Ag an gcéad imeacht lomlánach in 2024, thacaigh LRP Cheatharlach go gníomhach le cuimsiú pobail a bhíonn fágtha ar lár go sóisialta agus imeallaithe trí dhíospóireacht phainéil agus ceiliúradh cultúrtha a óstáil a mhéadaigh a nguth agus a spreag rannpháirtíocht ag leibhéal an chontae. Roinn grúpaí ar nós Ghrúpa Tacaíochta na hAfraice, AHA Storytellers, Steadfast Creations, agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag, a ndéanann ionadaíocht ar phobail atá bocht, a ndéantar idirdhealú orthu agus a bhíonn fágtha ar lár, a gcuid dúshlán, éachtaí agus ionchur le saol Cheatharlach. Chríochnaigh an tráthnóna le taibhiú cumhachtach ceoil agus scéalaíochta na hAfraice, agus rinneadh féiniúlacht chultúrtha a cheiliúradh agus tuiscint idirchultúrtha a chothú. Chuir an ócáid sin ardán fáilteach ar fáil do phobail faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus iad siúd a bhíonn ag dul i ngleic le cruatain, chun páirt a ghlacadh san LRP, tionchar a bheith acu ar chomhráite áitiúla, agus mothú go bhfuil meas orthu laistigh den phobal i gcoitinne. Leag sé béim ar thiomantas an LRP do chuimsiú, d'éagsúlacht agus do chumhachtú gach gutha chun todhchaí Cheatharlach a mhúnlú.

Reáchtáil LRP Mhaigh Eo tionscnamh darb ainm 'Spotsolas ar Chuimsiú Pobail', agus tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail ar fud Chontae Mhaigh Eo an chaoi a gcuirtear fáilte roimh phobail nua ina gceantar a roinnt. Leag an feachtas sin béim ar chleachtais chuimsitheacha agus rinne sé ceiliúradh ar iarrachtaí áitiúla chun contae níos nasctha agus níos éagsúla a fhorbairt. Gach seachtain, bhíodh grúpa difriúil le feiceáil, agus iad ag taispeáint na mbealaí cruthaitheacha agus praiticiúla a phléann siad le daoine nua ina n-eagraíochtaí, lena n-áirítear stáisiúin raidió pobail, grúpaí bailte slachtmhara, ionaid acmhainní teaghlaigh agus tionscadail óige. Rinneadh na scéalta spreagúla sin ar shuíomh gréasáin LRP Mhaigh Eo agus ar na meáin shóisialta, rud a chabhraigh le feasacht a scaipeadh agus grúpaí eile a spreagadh chun cur chuige cuimsitheach a ghlacadh ina bpobal. Mar thoradh ar an tóir a bhí ar an tionscnamh sin, leanfaidh LRP Mhaigh Eo ar aghaidh ag cur an dea-obair a bhíonn ar siúl ar fud na bpobal chun cinn.

D'éirigh go maith le LRP na Gaillimhe le turas go hUachtar Ard do ghrúpaí lánpháirtíochta mar gheall ar an eolas a tugadh do ghrúpaí pobail chun páirt a ghlacadh ann. Chomh maith leis sin, chuir gach ball den phobal fáilte mhór roimh thurais na nOileán Sláintiúil le hÉire na Sláinte go hOileáin Árann.

D'fhreastail LRP na hIarmhí ar ócáid líonraithe réigiúnach Líonra Míchumais an Chabháin i mBaile an Chabháin. Bhí sé sin thar a bheith luachmhar chun bualadh le daoine san earnáil mhíchumais sna contaetha máguaird. Bíonn leibhéil arda idirdhealaithe, dífhostaíochta agus bochtaineachta i measc daoine faoi mhíchumas. Thug an cur i láthair léargas ar éachtaí Líonra Míchumais an Chabháin agus ar na rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh in áiteanna eile chomh maith le léargas a thabhairt ar ar féidir a dhéanamh i staideanna an chontae chun eispéireas daoine faoi mhíchumas a fheabhsú, lena n-áirítear seomra ciúin a bheith ann do dhaoine a bhfuil uathachas orthu. Ligeann sé sin do leanaí agus do dhaoine fásta a bhfuil uathachas orthu páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí le cairde agus le teaghlach. I measc na saincheistanna eile ar tugadh aghaidh orthu bhí pleananna chun Baile an Chabháin a dhéanamh níos inrochtana, agus míniú ar leibhéil éagsúla lagaithe radhairc. Pléadh na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcruinniú seo ag céad chruinniú eile an ghrúpa nasctha pobail chomh maith le gníomhartha beartaithe amach anseo.

I gcomhar le Líonra Ilchultúrtha an Chabháin, d'fhoilsigh LRP an Chabháin bileog imirceach don bhallraíocht ghinearálta. Leag sé sin amach na fíricí agus cuireadh deireadh le miotais choitianta a bhaineann le himircigh agus leis an imirce. Dearadh an bhileog chun an teannas atá ag méadú maidir le míshástacht faoin imirce a mhaolú agus chun tacú le sochaí níos cuimsithí agus níos inghlactha de phobail bhríomhara agus éagsúla.

Ceann de na rudaí is mó a d'éirigh le LRP Chathair Bhaile Átha Cliath a bhaint amach in 2024 ná a thaispeáint conas is féidir le grúpaí a fhágtar ar lár páirt bhríoch a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil trí ghníomhaíocht chomhchoiteann. Léirigh an aighneacht scríofa chuig an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, gur féidir le grúpaí pobail beaga (a bhíonn á reáchtáil go minic ag cúpla oibrí deonach) comhoibriú go héifeachtach gan próisis chasta a bheith ag cur isteach orthu. Leag an aighneacht sin béim ar an ról ríthábhachtach a bhaineann le duine a bheith agat chun an obair a thionscnamh agus a threorú. Ag Cruinniú Iomlánach na Bealtaine, thaispeáin LRP Chathair Bhaile Átha Cliath gnéithe nua dá shuíomh gréasáin a dearadh chun tacú le grúpaí atá imeallaithe go sóisialta. Chuir foireann bainistíochta an láithreáin ghréasáin, Neo-Archaic, cur i láthair tarraingteach agus idirghníomhach ar fáil ag cur béim ar acmhainní atá curtha in oiriúint do ghrúpaí a bhfuil buiséad agus acmhainn theoranta acu. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo grúpaí pobail nach bhfuil acmhainní acu a chumhachtú trí uirlisí agus faisnéis inrochtana a sholáthar. Leanfar leis an obair chun na hacmhainní sin a fheabhsú in 2025.

Is féidir teacht ar na rannóga tacaíochta sin ar shuíomh gréasáin LRP Chathair Bhaile Átha Cliath anseo:

<https://dublincityppn.ie/in-dublin/community-supports/>

<https://dublincityppn.ie/in-dublin/members-facilities/>

<https://dublincityppn.ie/in-dublin/dublin-stories/>

Ghlac LRP Uíbh Fhailí páirt i roinnt gníomhaíochtaí um chuimsiú sóisialta leis na daoine is mó a fhágtar ar lár go sóisialta. Bhí an LRP lárnach maidir le comhordú, cabhrú agus cur i láthair a dhéanamh ar an LRP agus ar an gcaoi ar féidir leis na baill a bheith bainteach leis an LRP agus páirt éifeachtach a ghlacadh ann. Tá LRP Uíbh Fhailí lárnach i gcur chun cinn na ngníomhaíochtaí uile um chuimsiú sóisialta a bhíonn ar siúl sa chontae. Is deiseanna iontacha iad na himeachtaí sin chun líonrú agus labhairt le daoine ar bhonn duine le duine. Seo a leanas roinnt samplaí de na himeachtaí sin: Feachtas feasachta meabhairshláinte Ghluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí; Bród an Lucht Siúil; Lá Neamhspleáchais na hÚcráine i gcomhar leis an Ionad Deonach; Lá na hAfraice in Uíbh Fhailí; Lá Neamhspleáchais Ghrúpa na hIndia in Uíbh Fhailí; Bród Uíbh Fhailí; Seachtain Feasachta ar Mhíchumas; Seachtain Feasachta ar Chuimsiú Sóisialta; Imeachtaí Líonra Aoisbhách agus imeachtaí do Dhaoine Scothaosta Uíbh Fhailí lena n-áirítear Bealtaine, agus Oíche Chultúir.



Tá grúpa nasctha um chuimsiú sóisialta LRP Chill Chainnigh oscailte do gach ball den chuimsiú sóisialta agus díríonn sé go gníomhach ar bhail ó ghrúpaí eile a mhealladh chun páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta. Tá an grúpa an-ghníomhach maidir le saincheisteanna a aithint a théann i bhfeidhm ar a bpobal agus orthu siúd is imeallaithe sa tsochaí. Téann an grúpa i dteagmháil go maith le hionadaithe um Chuimsiú Sóisialta LRP Chill Chainnigh, chun sreabhadh leanúnach faisnéise a chinntiú. Trí obair an ghrúpa Nasctha um Chuimsiú Sóisialta, leanann an LRP leis an obair chun na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe a áireamh agus ionadaíocht a dhéanamh orthu. Tá lonadaithe tofa ag LRP Chill Chainnigh ó na pobail atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch ar SPCanna, CFPÁ agus ar an Rúnaíocht. In 2024, lean LRP Chill Chainnigh ar aghaidh ag obair le Grúpa Rochtana Chill Chainnigh, grúpa abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas, atá anois, le tacaíocht ón LRP, ar an ngrúpa is fearr maidir le saincheisteanna rochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Suíonn comhordaitheoir LRP Chorcaí ar Fhóram Comhtháthaithe Chomhairle Contae Chorcaí, ar a bhfuil ceannairí ranna sa chomhairle, ceannairí pobail, FSS, baill reiligiúnacha, an Garda Síochána, FSS, an Roinn Oideachais, an Roinn Leasa Shóisialaigh, Local Link, Tusla, agus sé Chuideachta Forbartha Áitiúla, ag obair chun freagairt an phobail do dhaoine a thagann isteach sa tír a neartú agus a chinntiú go bhfaighidh siad freagairt chomhordaithe. Tá an comhordaitheoir LRP ar an bhFóram seo le trí bliana agus tá go leor fochoistí air.

Bhunaigh LRP Ros Comáin, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara forbartha áitiúla eile laistigh de Líonra Beart um Chuimsiú Sóisialta an chontae, grúpa stiúrtha tionscadail chun próifíl chuimsithe shóisialta a chruthú do Bhealach an Doirín, baile atá buailte go mór ag díothacht agus ag bochtaineacht agus atá fágtha ar lár go sóisialta. Ag obair i gcomhar le chéile, scrúdaigh an LRP agus na comhpháirtithe na príomhdhúshláin agus na deiseanna atá os comhair pobal sa cheantar, d'fhorbair siad plean gníomhaíochta spriocdhírithe, agus d'úsáid siad an phróifíl a cruthaíodh mar thoradh air chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hacmhainní, acmhainn pobail, agus comhtháthú sóisialta.

Mar thoradh díreach ar obair an tionscadail rannpháirtíochta atá maoinithe ag na Cuntais Díomhaoine a rinne LRP Chill Mhantáin agus Comhairle Contae Chill Mhantáin, bunaíodh grúpa Líonra um Chuimsiú Sóisialta mar fhoghrúpa den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil ag deireadh 2023. Tá LRP Chill Mhantáin fós ina bhall gníomhach den líonra sin atá ag forbairt. Thogh an líonra Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach i mí Eanáir 2024 agus bhunaigh siad foghrúpaí chun píosaí oibre comhaontaithe a chur chun cinn. Bhí LRP Chill Mhantáin i gceannas ar fhoghrúpa chun feachtas a ardú ar ghníomhaíochtaí agus ar thacaíochtaí atá ar fáil le linn na seachtaine um chuimsiú sóisialta. D'oibrigh foghrúpa eile ar imeacht a réachtáil chun tacú le cuimsiú imirceach, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, agus d'oibrigh foghrúpa eile arís ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh óige. Cinntíonn an líonra go gcuirtear gníomhartha cuimsithe sóisialta sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail i bhfeidhm agus leagann sé béim ar aon saincheist nó bearna atá ag teacht chun cinn i seachadadh seirbhíse.

Oibríonn LRP Dhún na nGall go dlúth lenár bhfoirne um chuimsiú sóisialta agus lánpháirtiú i gComhairle Contae Dhún na nGall, in Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall, i dTionscadal an Lucht Siúil i nDún na nGall agus sna Comhlachtaí Forbartha Áitiúla chun rannpháirtíocht a chumasú. Bíonn imeachtaí éagsúla againn le linn Sheachtain um Chuimsiú Sóisialta na Comhairle gach bliain.

Thacaigh LRP Laoise le hionadaíocht phobail ó ghrúpaí um chuimsiú sóisialta le réimse leathan coistí beartais agus cinnteoireachta. Ós rud é gur bhliain toghcháin í 2024, tháinig líon suntasach folúntas chun cinn. Tá lonadaithe um Chuimsiú Sóisialta ag LRP Laoise anois a dhéanann ionadaíocht ar aoisghrúpaí gníomhacha scoir, eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas chomh maith leo siúd ó cheantair agus ó ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch. Cuireann toghchán na nlonadaithe um Chuimsiú Sóisialta ar a gcumas páirt a ghlacadh ar leibhéal áitiúil agus contae ar choistí beartais agus cinnteoireachta.

Thacaigh LRP an Longfoirt le forbairt pobail chuimsitheach i dTeach Pobail Ard na Ceasach i mBaile an Longfoirt, áit a bhfuil ball de Rúnaíocht LRP i gceannas ar chlár oideachais pobail do mhná. Cuireann an tionscnamh sin spás fáilteach agus tacúil ar fáil do mhná ó chúlráí éagsúla, lena n-áirítear iad siúd atá ag fulaingt mar thoradh ar bhochtaineacht, a bhíonn fágtha ar lár go sóisialta agus a ndéantar idirdhealú orthu, chun scileanna nua a fhoghlaim, muinín a fhorbairt, agus ceangal a dhéanamh le daoine eile. Le tacaíocht LRP, neartaigh an clár bannaí pobail, spreag sé saoránacht ghníomhach, agus chruthaigh sé bealaí do rannpháirtithe páirt a ghlacadh i struchtúir chinnteoireachta áitiúla. Is sampla dearfach é an tionscadal den chaoi ar féidir le tionscnaimh an phobail daoine aonair a chumhachtú agus cuimsiú agus comhionannas a chur chun cinn sa phobal i gcoitinne.

D'oibrigh Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe ar aighneacht chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029. Chinntigh sé sin go raibh tús áite ag guth an Lucht Siúil i gclár rithábhachtach don phobal. Tá minicíocht na ndaoine gan dídean an-ard i measc phobal an Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe, mar sin bhí sé rithábhachtach guth an Lucht Siúil a chur san áireamh.

D'fhorbair LRP Thiobraid Árann, ag baint úsáid as maoiniú Chranncur Náisiúnta FSS, cúrsa oiliúna 'Scileanna éascaithe do thosaitheoirí' thar chúig mhaidin i bhfómhar na bliana 2024, chun scileanna éascaitheora seachas Cathaoirligh a dhoimhniú. Bhí ochtó faoin gcéad de na rannpháirtithe ón gcolún um chuimsiú sóisialta, lena n-áirítear pobal LADTI, na Romach, na hÚcráine, seirbhísí drochíde teaghlaigh agus tuismitheoirí aonair. Tá na rannpháirtithe Romach agus LADTI araon i struchtúir chinnteoireachta áitiúla agus réigiúnacha, agus tá na hÚcránaigh ag obair do chuideachta forbartha. B'éigean an cúrsa a reáchtáil ar bhealach a léirigh feasacht ar an mBéarla a bheith ina dara teanga ag cuid de na rannpháirtithe, agus leibhéil ísle litearthachta ag an lucht freastail freisin. Uirlis choitianta ba ea obair ghrúpa idirghníomhach agus prionsabail forbartha pobail mar bhunús le dearadh an chláir. Rinneadh meastóireacht mhaith ar an gcúrsa agus dúirt go leor rannpháirtithe go raibh na seisiúin cumhachtach agus gur spreagadh iad chun éascú a dhéanamh laistigh dá ngrúpaí amach anseo.



Glacann LRP Phort Láirge páirt ar choiste Ghrúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil agus bíonn sé i dteagmháil go gníomhach i réimse leathan ballghrúpaí um chuimsiú sóisialta. Comhoibrímid go dlúth le SICAP, CLG Threo Phort Láirge, Renew Waterford, Pobail Nua Phort Láirge, an fhoireann comhtháthaithe pobail, tionscnaimh Aoisbhácha agus an clár sábháilteachta pobail faoin gClár Seirbhísí Pobail. Ina theannta sin, feidhmíonn ár nlonadaithe um chuimsiú sóisialta ar bhoird agus ar choistí iomadúla a chinntíonn go ndéantar ionadaíocht éifeachtach ar ghuth grúpaí a fhágtar ar lár go sóisialta.

Tá LRP Chiarraí curtha san áireamh mar chuid d'Fhoireann Chomhordaithe Chomhtháthaithe an Cheantair Áitiúil. Tagann foireann LRP le chéile gach dhá mhí le grúpaí agus le gníomhaireachtaí a oibríonn le pobail nua, imircigh, iarratasóirí IPAS agus tairbhíthe cosanta sealadaí (BOTP) chun éisteacht leis na dúshláin atá rompu, tacaíocht riachtanach a sholáthar agus faisnéis a chomhroinnt. Freastalaíonn go leor de na grúpaí anois ar imeachtaí agus ar oiliúint LRP Chiarraí, agus iad ag forbairt líonraí le grúpaí pobail seanbhunaithe eile sa chontae.

Thacaigh LRP Shligigh le hEagraíocht Daoine faoi Mhíchumas Shligigh a bhunú, líonra de dhaoine faoi mhíchumas atá ag gníomhú thar ceann phobal faoi mhíchumas Shligigh. Agus iad ag obair i gcomhpháirtíocht, thacaigh LRP Shligigh leis an OCS clár oiliúna uathúil rochtana agus comhionannais a cheapadh a sholáthraíonn daoine faoi mhíchumas go díreach do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí atá ag iarraidh a chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú ar bhealach chomh cuimsitheach agus is féidir. Tá an oiliúint curtha ar fáil d'eagraíochtaí ar nós FSS agus tá togra le déanamh ag Comhairle Contae Shligigh le leas a bhaint as an tairiscint. Tá an oiliúint ar fáil freisin do ghrúpaí ar fud líonra LRP. Chomh maith leis sin, tá an LRP tar éis Oifigeach Poiblí Ainmnithe Shligigh a nascadh le príomhchinnteoirí i gComhairle Contae Shligigh le cúraimí sonracha maidir le pleanáil agus leis an réimse poiblí chun iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil tús áite tugtha d'inrochtaineacht maidir le bonneagair nua agus oibreacha caipitil. Téann an tacaíocht sa chaidreamh chun leasa an dá thaobh agus tá roinnt daoine ainmnithe ag an OCS do ról lonadaí LRP, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do LRP Shligigh sraith teimpléad inrochtana a chruthú do rialachas grúpaí pobail.

Oibríonn LRP an Chláir go dlúth agus tacaíonn sé trí bhallraíocht boird agus chabhraigh sé leis na grúpaí seo a leanas a bhunú sa Chlár; Grúpa tacaíochta agus sóisialta LADTIAÉ+ de chuid Quare Clare: Tionscadal Forbartha Pobail Lucht Siúil an Chláir; Fóram Ceannairí an Chláir agus Líonra Dlúthpháirtíochta an Chláir. Tá baint mhór ag LRP an Chláir leis na guthanna is imeallaithe inár gcontae a chumhachtú agus a chur san áireamh. Cuimsíonn ár gcuid oibre leis na grúpaí sin cabhrú le bainistíocht agus le heagrú imeachtaí, tacaíocht riaracháin do bhoird agus do ghrúpaí stiúrtha, aighneachtaí a thiomsú, agus a chinntiú go gcloistear a nguth i gcomhairliúcháin áitiúla agus náisiúnta agus laistigh den LRP féin. Samplaí sonracha dár n-iarrachtaí ina leith sin is ea ár gcuid oibre ar na tionscnaimh ar chlárúcháin vótálaithe, tionscadal a shroich na grúpaí atá liostaithe thuas, lena n-áirítear an Lucht Siúil, iad siúd atá ina gcónaí i gcóiríocht do dhaoine gan dídean, iad siúd atá ag lorg cosanta in Éirinn agus ár gcuid oibre le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas chun freagairt do thograí beartais sa Pháipéar Uaine maidir le hAthchóiriú Míchumais a chuir buairt mhór orthu.

Déanann LRP Mhuineacháin iarracht i gcónaí a chinntiú go bhfuil grúpaí a fhágtar ar lár go sóisialta in ann páirt a ghlacadh ag leibhéal áitiúil agus contae in oiliúint, cruinnithe, imeachtaí, srl. Tá an LRP fós ina bhall gníomhach d'fhoghrúpa comhionannais CFPÁ lena n-áirítear an tAonad Tacaíochta Comhtháthaithe. Déanann an LRP idirchaidreamh leis an Oibrí Nasc Pobail (Comhtháthú) chun a fháil amach conas is féidir linn go léir oibriú le chéile chun pobal dearfach a chruthú agus conas is féidir leis an LRP cabhrú leis an ról sin. Déanaimid teagmháil freisin leis an Oibrí Lánpháirtíochta don Lucht Siúil atá fostaithe ag Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin chun comhairliúchán a dhéanamh leis an Lucht Siúil sa chontae chun cás-staidéar a chur ar fáil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'fhonn Oibrí Cúraim Phríomhúil lánaimseartha a fháil do Mhuineacháin. D'fhreastail LRP Mhuineacháin freisin ar sheisiún Feasachta LADT+ maidir le tuiscint agus tacaíocht a thabhairt don phobal LADT+.

Bhí ról lárnach ag LRP Chill Dara maidir le cuimsiú a chur chun cinn trínár gcomhordú ar Sheachtain um Chuimsiú Sóisialta Chontae Chill Dara. Ag obair le grúpaí pobail, cinntíodh gur léiríodh guth na bpobal a fhágtar ar lár go sóisialta, lena n-áirítear an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas, srl. i bpleanáil agus i seachadadh na seachtaine. Trí rannpháirtíocht dhíreach le baill na ngrúpaí, chabhraigh an LRP le clár éagsúil agus inrochtana de 28 imeacht ar fud an chontae a mhúnlú. Ina measc sin bhí taispeántais chultúrtha, ceardlanna feasachta, agus comhráite pobail a leag béim ar fhíor-shaincheisteanna agus a spreag rannpháirtíocht ar leibhéal áitiúil agus contae araon. Ní hamháin gur mhéadaigh an tionscnamh infheictheacht agus ionadaíocht do ghrúpaí imeallaithe ach neartaigh sé naisc phobail agus chothaigh sé muinín i measc na rannpháirtithe chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh sa saol sibhialta. Léirigh sé tiomantas an LRP do chuimsiú agus do chomhoibriú bríoch, faoi stiúir an phobail.

Reáchtáil LRP na Mí dhá imeacht ar leith i sráidbhaile Mhaigh Muirí, an t-ionad cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta is mó sa tír. Dhírigh na seisiúin ar an gcaoi ar féidir le daoine fásta idirghníomhú leis an LRP, faisnéis a fháil agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe iomlánacha, grúpaí nasctha, srl. Leag sé seo béim ar an ngá atá le níos mó modhanna ar líne chun cruinnithe a reáchtáil ach chomh maith leis sin, nuair a bhíonn imeachtaí ar siúl go pearsanta, cuireadh an cheist ‘an bhfuil an deis ann seirbhísí eile a úsáid a d’fhéadfadh a bheith in ann iompar a sholáthar?’. Bhí LRP na Mí páirteach freisin sa tionscadal leabhar ‘Louie & Frankie’ atá dírithe ar dhaoine óga agus iad ag dul trí chásanna dúshlánacha mothúchánacha ina saol. Soláthraíonn carachtair agus scéalaíocht na leabhar creatlach iontach do dhaoine óga le húsáid ina saol laethúil.

D’fhreastail LRP Liatroma ar ócáid lá oscailte an Lucht Siúil. Thug LRP Liatroma cuireadh do ghrúpaí a fhágtar ar lár go sóisialta seasamh a bheith acu ag an seisiún iomlánach agus moltar i gcónaí do ghrúpaí atá fágtha ar lár go sóisialta cur isteach ar na gradaim ‘Grá do d’áit chónaithe’.

Tá Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Chathair Chorcaí ag lorg ionadaithe ón LRP le haghaidh ceithre shuíochán d’ionadaithe. Leithdháiltear na suíocháin sin go sonrach ar ghrúpaí áirithe laistigh den cholún um chuimsiú sóisialta, m.sh. ní mór ceann a líonadh le grúpaí a oibríonn le pobail an Lucht Siúil/Romach, ceann a líonadh le grúpaí a oibríonn leo siúd atá gan dídean nó atá i mbaoil easpa dídine, ceann dóibh siúd atá ag obair le pobail imirceacha nó atá ina mbail den phobal imirceach, agus ceann ón bpobal LADTI+. Chuir LRP Chathair Chorcaí tús freisin leis an bpróiseas chun ár ndoiciméad ‘Fís do Chathair Chuimsitheach’ (VfIC) a fhorbairt in 2024. Spreag Fís Chathair Chorcaí d’Fholláine an Phobail an cháipéis seo. Léirigh an próiseas chun an fhís sin a fhorbairt fonn chun breathnú níos dlúithe ar chuimsiú sa chathair agus tosaíodh ag cruthú na físe sin mar fhreagairt ar an spéis a léiríodh. Ní liosta iomlán é an VfIC de gach gníomh a d’fhéadfadh tacú le Cathair Chorcaí a bheith ina áit níos cuimsithí, ach is tús maith é. Aithnítear an cúig bhacainn déag is mó ar chuimsiú a raibh inní ar na daoine a chuir leis an bhfís seo fúthu. Tá smaointe agus tograí ann freisin chun cabhrú leis na bacainní sin a sháru. Críochnófar an doiciméad féin in 2025.

Tá LRP Lú oscailte do chách agus tacaíonn sé go gníomhach le grúpaí a fhágtar ar lár go sóisialta a chuimsiú chun teagmháil a dhéanamh agus páirt a ghlacadh in LRP Lú. I rith 2024, chuaigh LRP Lú i dteagmháil le hearnálacha de phobal Lú atá fágtha ar lár go sóisialta trí fhreastal rialta ar imeachtaí pobail le cruinnithe leantacha duine le duine le baill roghnaithe de na grúpaí sin. Mar thoradh air sin, tháinig 12 ghrúpa chuimsithe shóisialta bhreise isteach in LRP Lú in 2024, méadú 8.6% ar bhallghrúpaí cuimsithe sóisialta in 2024. Rinne LRP Lú iarracht grúpaí pobail faoi stiúir imirceach a bhaint amach, a raibh tearcionadaíocht orthu roimhe seo i mballraíocht LRP Lú. Mar thoradh ar sholáthar ceardlann um Shaoránacht Ghníomhach, rannpháirtíocht trí Fhóram Idirghníomhaireachta Imirceach Lú agus freastal ar imeachtaí pobail, tháinig 12 ghrúpa pobail eile faoi stiúir imirceach isteach in LRP Lú in 2024.



5. Ag Obair leis an Údarás Áitiúil

Luaitear i Lámhleabhar an LRP³ “go mbeidh an LRP ar an bpríomhnasc trína nascfaidh an tÚdarás Áitiúil leis na hearnálacha pobail, deonach, comhshaoil agus cuimsithe shóisialta” agus “go gcuirfidh LRP ar chumas an phobail ról foirmiúil gníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceaptha beartais agus maoirseachta réimse freagrachta an ÚA”. Tá sé i gceist cur chuige comhpháirtíochta comhoibríoch a bheith i gceist. Tá caidreamh dearfach idir an LRP agus na hÚdaráis Áitiúla riachtanach chun go n-éireoidh leis.

Mar chuid de phróiseas na Tuarascála Bliantúla, iarradh ar Údaráis Áitiúla samplaí a thabhairt den chaoi ar thacaigh siad le forbairt an LRP agus le rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí comhshaoil, cuimsithe shóisialta, pobail agus deonacha i gceapadh beartas agus cinntí, i gcomhroinnt faisnéise agus i bhfothú acmhainneachta (seachas leithdháileadh

an Bhuiséid a sholáthar nó príomhdhualgais an Oibrí Acmhainne, áit a bhfuil an Oibrí Acmhainne fostaithe ag an Údarás Áitiúil). I dTábla 6, tugtar miondealú ar na tacaíochtaí a sainithníodh maidir leis na 30 limistéar Údaráis Áitiúil ar fad a bhfuarthas freagraí ina leith.

3 <https://assets.gov.ie/97296/79d48b54-0557-493e-9aa1-1d910364d41e.pdf>

Tábla 6: Tacaíochtaí Údaráis Áitiúil do LRPanna, 2024

Meicníocht Tacaíochta	An líon (n=30)
Meabhrán Comhthuisceana Gníomhach i bhfeidhm do 2024	28
Meabhrán Tuisceana athbhreithnithe in 2024	25
Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA)	17
Cabhrú, i gcás inarb iomchuí, leis an LRP a phlean oibre a bhaint amach	29
Tacaíodh leis an LRP le bheith ina ngníomhaithe gníomhacha sa LECP	28
Rannpháirtíocht thras-rannach in imeachtaí LRP	28
Rannpháirtíocht Duine Teagmhála LRP an Údaráis Áitiúil san LRP	27
Maoiniú breise curtha ar fáil don LRP chun tacú lena chuid oibre	18
Maoiniú breise curtha ar fáil do thionscadail shonracha LRP	7
Feachtais shonracha chun obair an LRP a chur chun cinn laistigh den Údarás Áitiúil	13

Samplaí de Thacaíochtaí arna gcur ar fáil ag an Údarás Áitiúil

- Thug LRP an Chabháin tacaíocht mhór dár Rannóg Tithíochta agus go háirithe do dheontais eastáit. Chuir siad rannpháirtíocht riachtanach pobail ar fáil in 2024 chun na pleananna athoscailte a thionscnamh do naíolann pobail laistigh d'eastát a bhí dúnta le blianta.
 - Tacaíodh le LRP an Chláir ar thionscnaimh éagsúla le linn 2024. D'eascair siad sin as cruinnithe cuiditheacha le foireann an LRP ina raibh smaointe a bhí comhthairbheach don Údarás Áitiúil agus don LRP. Cuireadh maoiniú, foireann agus naisc ar fáil do bhaill foirne eile na stiúrthóireachta chun tacú leis na tionscnaimh sin.
 - Tá feachtas leanúnach chur chun cinn LRP ag Comhairle Cathrach Chorcaí go himmheánach agus go seachtrach ina gcuirtear rannpháirtíocht leis na rannóga agus leis na stiúrthóireachtaí ábhartha go léir chun cinn go comhsheasmhach trí chumarsáid inmheánach agus nuachtlitreacha seachtracha.
 - Spreagtar baill foirne na nÚdarás Áitiúil chun níos mó a fhoghlaim faoin LRP trí Fheasachán an LRP agus freastal ar imeachtaí.
- Chuir teagmhálaí LRP Údarás Áitiúil Fhine Gall tacaíochtaí feabhsaithe ar fáil don Rúnaíocht le próiseas earcaíochta d'oibrí Acmhainne LRP agus tá sé ag tacú go leanúnach le hionducthú an oibrí nua Acmhainne agus Tacaíochta a thosaigh ar an bhfostaíocht i lár 2024. An tÚdarás Áitiúil Chuir teagmhálaí LRP tacaíocht ar fáil do Rúnaíocht LRP i bhforbairt SLA agus chuir sé comhairle ar fáil ó pheirspictíocht an údaráis áitiúil maidir le croímhaoiniú breise chun tacú le hobair an LRP. Sular earcaíodh an tOibrí Acmhainne i mí an Mhárta 2024, chuir an tÚdarás Áitiúil Oifigeach Foirne lánaimseartha ar fáil d'oibriú agus d'obair leanúnach an LRP, lena n-áirítear comhordú na ngrúpaí nasctha agus an chruinnithe iomlánaigh.
 - Tá comhordaitheoir agus riarthóir LRP Laoise fostaithe ag Comhairle Contae Laoise. An tÚdarás Áitiúil Bíonn rannóg an phobail i dteagmháil go rialta le LRP Laoise agus comhoibríonn sé nuair is féidir. Déantar teagmháil freisin le LRP Laoise maidir le míreanna oibre eile, lena n-áirítear feasacht aeráide agus comhshaoil, cuimsiú sóisialta, agus taisteal gníomhach. Cinntíonn Comhairle Contae Laoise go gcuirtear an LRP san áireamh i ngach comhairliúchán a bhaineann le beartas agus le pleananna, ag an údarás áitiúil agus ag eagraíochtaí/gníomhaireachtaí eile araon.

- Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta i gcónaí do chaidreamh láidir comhoibríoch a chothú leis an LRP agus lena pháirtithe leasmhara gaolmhara. I rith 2024, chuaigh an tÚdarás Áitiúil i gcomhpháirtíocht leis an LRP ar réimse imeachtaí, tionscnamh agus gníomhaíochtaí, ag giniúint sineirgíochta agus ag baint amach cuspóirí comhroinnte a bhain leas as gach páirtí agus a chuir imeachtaí agus gníomhaíochtaí LRP chun cinn ar chainéil éagsúla meán na nÚdarás Áitiúil, lena n-áirítear na meáin inmheánacha, na meáin shóisialta agus foilseacháin sheachtainiúla i nuachtáin áitiúla.
- Cheadaigh Cácas na mBan an tionscadal ‘Rannpháirtíocht na mBan agus Grúpaí Éagsúla i gCinnteoireacht Áitiúil a Mhéadú’, arna cheapadh ag LRP Thiobraid Árann, le haghaidh maoiniú náisiúnta don bhliain 2025. Bhí an tionscadal mapála contae ‘Cumhacht na nDaoine agus na hÁite’ á fhorbairt agus á dhearadh in 2024 le seachadadh in 2025. Bhí rannpháirtíocht ann le comhpháirtithe, agus oibríodh ar an suirbhé agus ar raon feidhme seachadta an tionscadail. Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann á mhaoiniú le LRP Thiobraid Árann mar chomhpháirtithe iomlána. Rinneadh an t-athbhreithniú contae ar an scéim nua SPC agus ar bhuanorduithe le rannpháirtíocht iomlán LRP Thiobraid Árann.

Comhairliúcháin an Údaráis Áitiúil

Tá sé ar chumas LRPanna a bheith agus ba chóir go mbeadh siad ina phríomhmheicníocht ag Údaráis Áitiúla, le tuairimí a gcuid pobal a bhailiú mar fhreagra ar ghairmeacha comhairliúcháin. Tá na LRPanna san áit is fearr chun rannpháirtíocht a bheith acu le grúpaí comhaltais agus dea-cháil bainte amach acu ó thaobh aighneachtaí a chur ar fáil agus tacú leo. I dTábla 7, tugtar forléargas ar líon na gcomhairliúcháin a rinne Údaráis Áitiúla in 2024 agus ar an rannpháirtíocht le LRPanna le linn an phróisis sin.

Tábla 7: Comhairliúcháin Údaráis Áitiúil, 2024

Comhairliúcháin	Líon na (n=30)
Fógraí maidir le comhairliúcháin a sheoltar chuig an LRP	376
Comhairliúcháin na nÚdarás Áitiúil a dhéantar trí LRPanna mar an phríomhfheithicil	67
Ceardlanna comhairliúcháin arna n-óstáil i gcomhpháirt ag an LRP agus ag an Údarás Áitiúil	40

Bhí an líon fógraí comhairliúcháin a seoladh chuig LRPanna in 2024 níos airde ná mar a bhí in 2023 (ó 357 go 376). Bhí líon na gcomhairliúcháin a rinneadh trí LRPanna mar phríomhchuid in 2024 níos airde freisin ná mar a bhí in 2023 (ó 60 go 67) agus tá laghdú beag tagtha ar líon na gceardlann comhairliúcháin a reáchtáladh i gcomhpháirt ó 48 go 40.

Réimsí Sonracha Comhoibrithe

Aithníonn na hÚdaráis Áitiúla arís agus arís eile an méid suntasach atá déanta ag an LRP agus go léiríonn an caidreamh láidir oibre agus an comhoibriú leanúnach tiomantas an LRP d'fhorbairt pobail agus go neartaíonn sé an luach a bhaineann le comhoibriú leanúnach leis an Údarás Áitiúil.

Chomhoibrigh na hÚdaráis Áitiúla agus na LRPanna freisin ar líon imeachtaí agus tionscnaimh eile sa bhliain 2024. Áirítear orthu sin:

- Seónna Bóthair Pobail a Nascadh
- Seónna Bóthair na gCeantar Bardasach
- Gradaim Phobail agus Dheonacha
- Comhairliúcháin Athghiniúna Tús Áite do Lár an Bhaile
- Plean Straitéiseach Aoisbhách an Chontae
- Ceardlann Mhaoinithe do Ghrúpaí Pobail
- Oiliúint Bainistíochta Tionscadail do Ghrúpaí

- Gradam Grá do d'Áit Chónaithe 2025
- Taispeántas Aoisbhách
- Imeacht Pobail 5 Bhealach na Folláine
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a fhorbairt
- Plean Corparáideach na Comhairle Contae a fhorbairt
- Gradaim an Chathaoirligh
- Suirbhé ar Thithíocht Inacmhainne
- Conair Bhaile Phort Omna
- Comhairliúchán ar Fheirm Ghaoithe Dhoire Fada
- Tionscnamh na mBan sa Rialtas Áitiúil
- Comhdháil Náisiúnta an LRP 2024
- An Clár um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Tionscadail Clárúcháin Vótálaithe
- Cúrsa Foirne Náisiúnta LRP a óstáil
- Seónna Bóthair Sláinte agus Folláine Pobail
- Imeacht Taispeántais Pobail
- Grúpa Oibre na Straitéise um Míchumas
- Imeachtaí na Comhairle Óige
- Imeachtaí an Choiste um Dhaoine Scothaosta
- An tSeachtain um Chuimsiú agus Lánpháirtíocht
- Lá na hAfraice
- Féile Foghlama Chathair Bhaile Átha Cliath
- Picnic Sheanré Fhine Gall
- Make Way Day
- Blasanna Fhine Gall
- Athbhreithniú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar Bheartas Forbartha Tuaithe na hÉireann
- Tacaíocht do Ghrúpaí Pobail leis an bPróiseas Iarratais Nua ar Mhaoiniú ar líne
- Taispeántas Caife Deisiúcháin a Óstáil

Cáilitheacht le haghaidh Deontais

Feidhmíonn LRPanna mar mhol faisnéise do ghrúpaí pobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíochtaí maidir le deontais Údaráis Áitiúil. Mar aitheantas air sin, agus ar ról na LRPanna maidir le héifeachtúlacht grúpaí pobail a fheabhsú trí fhorbairt acmhainne, oiliúint, líonrú agus mar sin de, tá roinnt Údarás Áitiúil tar éis ceanglas incháilitheachta a dhéanamh de bhallraíocht an LRP chun rochtain a fháil ar dheontais. In 2024, as na 30 freagra, d'éiligh 21 gcinn de ghrúpaí pobail go mbeadh siad ina mbaill den LRP chun bheith incháilithe do dheontais agus níor éiligh 9 gcinn go mbeadh siad incháilithe do dheontais. Tuairiscíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil siad 'tiomanta do dheireadh a chur leis an gceanglas do bhallghrúpaí dul isteach in LRP mar choinníoll incháilitheachta deontais, ag aithint nach bhfreastalaíonn an critéar seo ar an mbealach is fearr ar leasanna an LRP ná ar a bhallghrúpaí'.

Oiliúint agus Ionduchtú ag Údaráis Áitiúla

Thuairiscigh seacht gcinn déag den 30 Údarás Áitiúil gur chuir siad ionduchtú nó oiliúint shonrach ar fáil d'ionadaithe LRP nua-ainmnithe in 2024. Thuairiscigh na hÚdaráis Áitiúla freisin gur soláthraíodh oiliúint forbartha acmhainne, oiliúint ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha, oiliúint ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus pacáistí ionduchtaithe (ina measc, mar shampla, buanorduithe, cód iompair, beartas coinbhleachta leasa, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, cóipeanna de na 3 chlár oibre dheireanacha, cóipeanna de na 3 mhiontuairisc cruinnithe dheireanacha, liosta comhaltaí, athbhreithniú ar an bplean oibríochtúil don choiste, clár oibre tipiciúil, nósanna imeachta an choiste, foirmeacha éilimh ar chostais a tabhaíodh agus ráiteas ar thorthaí, Tuarascáil Bhliantúil CFPÁ).

Thuairiscigh cúig Údarás Áitiúil déag gur chuir siad oiliúint ar fáil d'fhoireann na nÚdarás Áitiúil agus do bhaill tofa maidir le rannpháirtíocht an phobail agus an LRP.

Aguisín 1

Sonraí Teagmhála LRP (Lúnasa 2025)

LRP	Ríomhphost	Láithreán Gréasáin	Ráiteas Físe d'Fholláine an Phobail
Ceatharlach	carlowppn@carlowcoco.ie	www.carlowppn.ie	https://www.carlowppn.ie/wp-content/uploads/2020/11/Presentation-Vision-and-SDGs-FINAL-presented-at-Plenary.pdf
An Cabhán	info@cavanppn.ie	www.cavanppn.ie	https://www.cavanppn.ie/wellbeing-statements
An Clár	sarah@clareppn.ie	www.clareppn.ie	www.clareppn.ie/wellbeing/ www.clareppn.ie/publications/
Cathair Chorcaí	info@corkcityppn.ie	www.corkcityppn.ie	https://www.corkcityppn.ie/wp-content/uploads/2025/03/PPN-Cork-City-Doc-B-241021-single-pages-WEB.pdf
Contae Chorcaí	ppn@corkcoco.ie	www.corkcountypn.ie	https://corkcountypn.ie/community-wellbeing-vision/
Dún na nGall	donegalppn@donegalcoco.ie	www.donegalppn.net	
Cathair Bhaile Átha Cliath	info@dublincityppn.ie	www.dublincityppn.ie	https://dublincityppn.ie/wp-content/uploads/DCCPPN-Vision-For-Community-Wellbeing-2024-pdf.pdf
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	enquiries@dlrppn.ie	www.dlrppn.ie	https://www.dlrppn.ie/vision-for-community-wellbeing-statement-dlr-ppn/
Fine Gall	info@fingalppn.ie	www.fingalppn.ie	
Cathair na Gaillimhe	info@galwaycitycommunitynetwork.ie	www.galwaycitycommunitynetwork.ie	https://www.galwaycitycommunitynetwork.ie/wp-content/uploads/2024/07/GCCN_POLICIES_POSITIONS_2023-approved-compressed.pdf
Contae na Gaillimhe	administrator@galwaycountypn.ie	www.galwaycountypn.ie	
Ciarraí	ppn@kerrycoco.ie	www.kerryppn.ie	https://kerryppn.ie/our-vision-for-community-well-being-in-kerry/
Cill Dara	admin@kildareppn.ie	www.kildareppn.ie	https://www.kildareppn.ie/wp-content/uploads/2023/11/Kildare-Wellbeing-Statement.pdf

LRP	Ríomhphost	Láithreán Gréasáin	Ráiteas Físe d'Fholláine an Phobail
Cill Chainnigh	ppnkilkenny@kilkennycoco.ie	www.kilkennyppn.ie	https://kilkennyppn.ie/wp-content/uploads/2024/01/Vision-for-Community-Wellbeing-Booklet.pdf
Laois	ppn@laoiscoco.ie	www.laoisppn.ie	
Liatroim	info@leirimppn.ie	www.leirimppn.ie	https://leirimppn.ie/wp-content/uploads/2024/11/Strategic-Plan-LPPN-2025-2028-Final.pdf
Luimneach	ppn@limerick.ie	www.limerickppn.ie	
An Longfort	ppn@longfordcoco.ie	www.longfordppn.ie	https://www.longfordppn.ie/wp-content/uploads/PPN-Community-Wellbeing-booklet1-1.pdf
Lú	ppn@louthcoco.ie	www.louthppn.ie	https://louthppn.ie/wp-content/uploads/2025/07/Louth-PPN-Final-Community-Well-Being-Statement.pdf
Maigh Eo	mayoppn@mayococo.ie	www.mayoppn.ie	https://mayoppn.ie/wp-content/uploads/2022/09/Mayo-Wellbeing-Booklet.pdf
An Mhí	meathppn@meathcoco.ie	www.meathppn.ie	
Muineachán	ppn@monaghancoco.ie	www.ppnmonaghan.ie	https://www.ppnmonaghan.ie/wp-content/uploads/2020/11/Monaghan-County-Final-Vision-Index-for-Reps.pdf
Uíbh Fhailí	ppn@offalycoco.ie	www.offalyppn.ie	https://offalyppn.ie/ppn-structure/community-wellbeing-vision-statement
Ros Comáin	info@roscommonppn.ie	www.roscommonppn.ie	https://roscommonppn.ie/resources/county-vision-for-community-wellbeing-in-roscommon/
Sligeach	ppn@sligococo.ie	www.sligoppn.com	https://www.sligoppn.com/health-and-wellbeing/
Baile Átha Cliath Theas	info@sdcppn.ie	www.sdcppn.ie	
Tiobraid Árann	coordinator@ppntipperary.ie	www.ppntipperary.ie	https://www.ppntipperary.ie/our-vision-for-community-wellbeing-in-co-tipperary/

LRP	Ríomhphost	Láithreán Gréasáin	Ráiteas Físe d'Fholláine an Phobail
Port Láirge	waterfordppn@gmail.com	www.waterfordppn.ie	https://www.waterfordppn.ie/about/wellbeing/
An Iarmhí	ppn@westmeathcoco.ie	www.westmeathppn.ie	https://westmeathppn.ie/wp-content/uploads/2025/07/Final-Print-version-A5-Westmeath-Community-Wellbeing-Vision-22-June-2020.pdf
Loch Garman	mary.byrne@wexfordcoco.ie	www.wexfordppn.ie	https://wexfordppn.ie/wp-content/uploads/2024/01/Our-Vision-For-Community-Wellbeing-Final-Brochure.pdf
Cill Mhantáin	info@countywicklowppn.ie	www.countywicklowppn.ie	https://countywicklowppn.ie/our-vision/

Aguisín 2

Forléargas ar Ghníomhaíocht LRP in 2024

*Tabhair faoi deara go mbaineann na figiúirí seo leis na tuairisceáin a rinneadh ar an suirbhé agus nach ionann iad agus na sonraí Salesforce atá thuas.

LRP	Líon na nlonadaithe LRP	An Líon Cruinnithe Iomlánacha a Tionóladh	Líon na mBord agus na gCoistí Údarás Áitiúil a bhfuil lonadaithe LRP acu in 2024	Socrú Óstála	*Comhaltas Iomlán (comhaltaí comhlacha san áireamh)	*Comhaltaí an Cholúin um Chuimsiú Sóisialta	*Comhaltaí an Cholúin Comhshaoil	*Comhaltaí an Cholúin Pobail
Ceatharlach	25	2	7	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	358	50	21	287
An Cabhán	23	2	18	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	495	107	35	353
An Clár	18	2	10	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	423	59	28	336
Cathair Chorcaí	19	2	8	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	220	74	20	126
Contae Chorcaí	60	12	14	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	685	98	36	551
Dún na nGall	64	2	15	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	736	71	22	643
Cathair Bhaile Átha Cliath	21	2	8	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	856	231	28	597
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	29	2	29	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	668	123	16	529
Fine Gall	17	1	8	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	856	140	47	669
Cathair na Gaillimhe	26	4	11	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	190	53	11	126
Contae na Gaillimhe	26	2	10	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	1347	267	51	1029
Ciarraí	10	3	9	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	1077	120	34	923
Cill Dara	15	2	8	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	813	77	34	702
Cill Chainnigh	20	2	11	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	469	89	32	348
Laois	27	2	12	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	678	87	28	563
Liatroim	40	2	6	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	414	90	17	307
Luimneach	18	2	7	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	232	64	10	158

LRP	Líon na nIonadaithe LRP	An Líon Cruinnithe Iomlánacha a Tionóladh	Líon na mBord agus na gCoistí Údarás Áitiúil a bhfuil Ionadaithe LRP acu in 2024	Socrú Óstála	*Comhaltas Iomlán (comhaltaí comhlacha san áireamh)	*Comhaltaí an Cholúin um Chuimsiú Sóisialta	*Comhaltaí an Cholúin Comhshaoil	*Comhaltaí an Cholúin Pobail
An Longfort	33	4	10	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	602	75	16	511
Lú	35	2	14	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	619	152	23	444
Maigh Eo	22	2	9	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	1309	192	55	1062
An Mhí	22	2	9	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	714	91	22	601
Muineachán	38	2	12	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	709	120	41	548
Uíbh Fhailí	22	2	19	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	713	89	13	611
Ros Comáin	28	2	7	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	415	54	16	345
Sligeach	24	1	15	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	664	55	15	594
Baile Átha Cliath Theas	15	3	7	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	305	68	10	227
Tiobraid Árann	51	2	10	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	1690	225	61	1404
Port Láirge	27	2	7	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	662	71	25	566
An Iarmhí	19	2	9	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	984	196	18	770
Loch Garman	10	1	11	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	515	74	21	420
Cill Mhantáin	30	2	11	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	758	129	51	578
Iomlán	834	75	341		21,176	3,391	857	16,928

Aguisín 3

Tionchair an LRP in 2024

In 2024, d'iarr an Roinn ar gach LRP roinnt sonraí a chur ar fáil maidir le tionchar na hoibre a dhéanann an LRP.

Ceatharlach

Bhí ról lárnach ag LRP Cheatharlach i dtacú le Seid na mBan Cheatharlach a bhunú, ag freagairt do spéis áitiúil i spás fáilteach, cuimsitheach a chruthú do mhná chun ceangal a dhéanamh, scileanna a roinnt, agus pobal a fhorbairt. D'éascaigh an LRP forbairt luath an ghrúpa trí ardán a thabhairt don choincheap ag seisiúin iomlánacha, agus ina dhiaidh sin cruinnithe pleanála a óstáil, seisiúin oiliúna rialachais a éascú, agus tacú le cumarsáid agus le hiarrachtaí cur chun cinn. Chuir foireann LRP acmhainní praiticiúla ar fáil ar nós 'bosca caife' le haghaidh sólaistí don ghrúpa, stáiseanóireacht agus tacaíocht riaracháin, lena n-áirítear cabhair chun rochtain a fháil ar árachas. Chuir an LRP an tionscnamh chun cinn freisin ar fud a líonra ball agus ar na meáin shóisialta. Chuir an tacaíocht dhíreach sin ar chumas an ghrúpa cruinnithe oscailte a óstáil agus tús a chur leis an bpróiseas chun áitreabh fadtéarmach a fháil. Chothaigh an tionscnamh spéis láidir an phobail cheana féin, ag tairiscint asraon sóisialta rithábhachtach do mhná ar fud Cheatharlach. Léiríonn rannpháirtíocht an LRP a thiomantas d'fhorbairt faoi stiúir an phobail, comhionannas, agus guthanna áitiúla a chumhachtú ar bhealach praiticiúil agus bríoch.

An Clár

Le tacaíocht airgeadais agus foirne ó Chomhairle Contae an Chláir, bhí LRP an Chláir i gceannas ar roinnt tionscnamh ó ghrúpaí pobail a bhí dírithe ar chlárú vótálaithe sa chontae. Comhoibríodh le haon eagraíocht déag eile chun na tionscnaimh sin a chur i gcrích, ach ba í LRP an Chláir a thionscain an tionscadal. Bhí an chéad tionscnamh dírithe ar na toghcháin áitiúla, agus dhírigh sé ar an bpobal i gcoitinne, iad siúd a d'fhéadfadh a bheith fágtha ar lár ó vótáil agus grúpaí imirceach.

Áiríodh ann ceardlanna ar na toghcháin áitiúla le haistritheoirí do Thairbhithe Cosanta Sealadacha na hÚcráine, agus ceardlann d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta agus d'imircigh. Ina dhiaidh sin cuireadh béim ar chlárúcháin vótálaithe sna suíomhanna cruinnithe ina bhfuil an dá phobal ina gcónaí sa Chlár. Chomh maith leis sin, thug oibrithe deonacha agus oibrithe pobail cuairt ar lóistín do dhaoine atá gan dídean sa Chlár agus reáchtáil siad lá buail isteach dírithe ar phobal an Lucht Siúil san áitreabh clárúcháin. Reáchtáladh laethanta meabhrúcháin clárúcháin vótálaithe ar an tsráid áit ar dáileadh bileoga i lár Bhaile Chill Rois, Inse agus na Sionainne agus tugadh faoi agallaimh raidió agus preaseisiúintí ina leith. Cuireadh bileog eolais ar fáil freisin le scaipeadh ar líne inar sonraíodh cé a bhí i dteideal vóta a chaitheamh i dToghcháin Pharlaimint an AE agus bileog ar leith don phobal i gcoitinne don olltoghchán. Ba é an tionchar a bhí ag an obair sin ná gur cabhraíodh leis na céadta duine clárú chun vóta a chaitheamh, agus cuireadh i gcuimhne do na mílte eile a gcuid sonraí a sheiceáil ar an gclár. Rinneadh cinnte go raibh eolas tráthúil agus soiléir ag pobail a bhíonn go minic faoi ghannionadaíocht inár ndaonlathas maidir le cé acu an bhféadfaidís vóta a chaitheamh nó nach bhféadfaidís agus conas é a dhéanamh. D'fhreastail an tionscadal seo freisin ar ghrúpaí pobail agus ar fhoireann a uasoiliúint maidir le toghcháin agus le clárú vótálaithe.

Contae Chorcaí

Is tasc ollmhór é toghcháin LRP a bhainistiú i gcontae chomh mór sin. Tá os cionn 60 suíochán le líonadh againn ar fud an SPC agus na mBord tosaigh de chuid na Comhairle Contae amháin. Ba é an próiseas toghcháin an obair ba mhó a rinneadh in 2024 agus an ceann ba mhó a raibh tionchar aige ar éagsúlacht leathan réimsí. Chomh maith leis sin, agus 10 mbliana á chomóradh, tá LRP Chontae Chorcaí ag cailleadh leath dár 22 Rúnaíocht láidir i mbliana mar gurb é an marc deich mbliana an t-uasmhéid ama is féidir le duine ar bith suí ar an Rúnaíocht de réir ár mbunreacht.

Dún na nGall

D'eagraigh LRP Dhún na nGall oiliúint ar Dhualgas na hEarnála Poiblí chun comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint ina gcuid feidhmeanna, rud a bhí an-tairbheach dár ngrúpaí.

Cathair Bhaile Átha Cliath

Ceann de na héachtaí is mó a rinne LRP Chathair Bhaile Átha Cliath in 2024 ná an obair a rinne an Grúpa Téamach do Dhaoine faoi Mhíchumas, a sheol an bróisiúr "Rochtain ar an Réimse Poiblí" ag ócáid i dTeach an Ard-Mhéara i mí Feabhra 2024. Ba é an tArd-Mhéara ag an am, an Comhairleoir Daithí de Róiste agus b'ócáid mhór infheictheachta agus tionchair é don ghrúpa. Tugann an bróisiúr, a chruthaigh baill den Ghrúpa Téamach do Dhaoine faoi Mhíchumas ina iomláine, moltaí praiticiúla do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an gcaoi chun spásanna poiblí a dhéanamh níos cuimsithí agus níos inrochtana. Tá sé ar fáil ar líne anseo: <https://dublincityppn.ie/wp-content/uploads/brochure-final.pdf> Leag an ócáid béim ar cheannaireacht an ghrúpa i bpleanáil, buiséadú agus cruthú ábhair, agus d'éirigh leis comhairleoirí agus príomhchinnteoirí a mhealladh. Níos tábhachtaí fós, chuir sé acmhainn luachmhar agus guth ar fáil do phobal faoi mhíchumas LRP Chathair Bhaile Átha Cliath i múnú réimse poiblí na cathrach. Léiríonn an obair seo tiomantas an LRP do chuimsiú, comhoibriú agus rannpháirtíocht fhiúntach i mbeartas áitiúil.

Dún Laoghaire-Ráth an Dúin

D'éirigh leis an Imeacht Líonraithe Pobail Building Connections, mar chuid d'Fhéile Cuimsitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2024, breis agus 120 rannpháirtí a thabhairt le chéile chun an téama 'Naisc a Thógáil sa Phobal' a cheiliúradh. Chothaigh an ócáid naisc láidre pobail trí réimse leathan grúpaí a thaispeáint, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar dhaoine óga, daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas, an comhshaol agus pobail imirceacha. Ghlac lucht freastail páirt trí uirlisí líonraithe ar nós cártaí teagmhála, póstaeir roinnte, agus for-rochtain dhíreach ó LRP DLR.

B'ócáid thábhachtach é seoladh an Phlean Straitéisigh Cúig Bliana (2024–2028), a leagann síos an treo do thionscnaimh amach anseo. Bhain na rannpháirtithe tairbhe freisin as seastáin fhaisnéiseacha a chlúdaigh oideachas, sláinte, obair dheonach, cúram leanaí, maoiniú pobail, agus gníomhú ar son na haeraíde. Tríd is tríd, chuir an ócáid le feasacht, chuir sé comhoibriú chun cinn, agus neartaigh sé creatlach sóisialta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Cathair na Gaillimhe

Reáchtáil Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN) trí imeacht "Cuir aithne ar na hiarrthóirí" i ngach toghbhorda roimh na toghcháin áitiúla. Áiríodh leis sin iarraidh ar gach iarrthóir ionchasach trí fhorógra a shíniú. Forógra pobail, ag aontú beartais agus seasaimh GCCN a chur chun cinn má thoghtar iad, prótacal frithchiníochais agus forógra rochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Tugadh cuireadh do gach ball de GCCN freastal ar gach iarrthóir agus éisteacht leo. Chuir ball GCCN ceist ag díriú ar théamaí éagsúla ar nós tithíochta agus timpeallachta ar gach iarrthóir. D'fhreastail a lán daoine ar na himeachtaí sin agus bhí siad tairbheach dár mbaill chun na hiarrthóirí a bhí dírithe ar an bpobal agus ag tacú leis an LRP a shoiléiriú.

Contae na Gaillimhe

D'fhreastail os cionn 80 duine ar ócáid iomlánach LRP Chontae na Gaillimhe agus bhí speictream leathan rannpháirtithe ann chomh maith le boird faisnéise ardchaighdeán ó sheirbhísí agus ó eagraíochtaí áitiúla a d'éascaigh líonrú luachmhar idir baill LRP. Bhí ceathrar cainteoirí den scoth ann a rinne cur i láthair ag an ócáid. Bhronn Stiúrthóir Seirbhísí dámhachtainí ar thriúr de Rúnaíocht LRP a thug faoi dheich mbliana seirbhíse. Bhí iontas agus áthas ar fhaighteoirí go léir na ngradam.

Ciarraí

Chuir LRP Chiarraí tacaíocht ar fáil do choiste pleanála Ghradaim Phobail Chiarraí chun clár dámhachtainí bliantúil a eagrú a thugann aitheantas do na grúpaí pobail a oibríonn go dícheallach chun feabhas a chur ar chaighdeán sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus comhshaoil na beatha i bpobail áitiúla Chiarraí. Suíonn baill Rúnaíocht LRP Chiarraí ar an gcoiste. Cuireann foireann LRP Chiarraí tacaíocht riaracháin agus pleanála imeachtaí ar fáil. In 2024 rinneadh ceiliúradh ar obair 20 grúpa pobail agus bronnadh an duais fhoriomlán ar Chúnamh Uíbh Ráthaigh, a thacaíonn le leanaí agus le daoine fásta faoi mhíchumas intleachtúil. Rinne Cathaoirleach an ghrúpa cur síos ar an gcaoi ar chuir an bua le cumas an ghrúpa, “Tríd an ngradam seo a bhuachan tugtar tiomantas don choiste fáil amach cad eile atá ag teastáil ó na teaghlaigh seo i ndeisceart Chiarraí agus cad é an chéad fhadhb mhór eile atá rompu. Mar choiste, táimid dírithe anois ar an méid atá ag teastáil. Is dóigh linn go bhfuil an rud céanna tuillte ag ár dteaghlaigh i ndeisceart Chiarraí agus atá ag teaghlaigh in áit ar bith eile.”

Cill Dara

In 2024, sheol LRP Chill Dara a Leabharlann Acmhainní Beartais mar fhreagra díreach ar aiseolas ó bhallgrúpaí a léirigh deacrachtaí beartais eagraíochtúla riachtanacha a fhorbairt. Soláthraíonn an leabharlann ar líne sin sraith teimpléid inoiriúnaithe, réidh le húsáid, lena n-áirítear bunreacht, cód iompair, beartas cumarsáide, cosaint sonraí, agus beartas gearáin, iad uile deartha chun rialachas agus comhlíonadh a neartú. Trí dhul i ngleic le riachtanas soiléir, thug an acmhainn cumhacht do ghrúpaí a struchtúir a fhoirmiú, trédhearcacht a fheabhsú, agus acmhainn a fhorbairt go muiníneach. Bhí sé luachmhar go háirithe do ghrúpaí nua nó do ghrúpaí níos lú a bhfuil tacaíocht riaracháin teoranta acu. Léiríonn an tionscnamh seo tiomantas LRP Chill Dara éisteacht lena bhaill agus tacaíochtaí praiticiúla ardtionchair a sholáthar a chabhraíonn le heagraíochtaí pobail rath a bhaint amach agus páirt a ghlacadh ar bhealach níos éifeachtaí i gcinnteoireacht áitiúil.

Cill Chainnigh

Ghlac Ionadaithe um Chuimsiú Sóisialta LRP páirt iomlán san CFPÁ maidir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a fhorbairt. Rinne Ionadaithe CFPÁ idirbheartaíocht chun plean míchumais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, faoi Spriocanna 8 agus 9 den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Ina theannta sin, chinntigh Ionadaithe CFPÁ go gcuirfí an plean míchumais san áireamh i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Cuid lárnach den phlean ba ea oifigeach rochtana a cheapadh, a cheanglaítear faoi Alt 26 den Acht um Míchumas (2005). Tá Grúpa Rochtana Chill Chainnigh, an grúpa abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas i gContae agus i gCathair Chill Chainnigh, ag iarraidh oibriú leis an oifigeach rochtana nua chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne ar shaincheisteanna atá tábhachtach don 22,000 duine measta sa chontae, atá ag maireachtáil faoi mhíchumas nó a bhfuil riocht sláinte suntasach orthu a théann i bhfeidhm ar a saol.

Laois

D'éirigh le LRP Laoise i gcomhar le rannóg spóirt Chomhairle Contae Laoise tionchar lárnach a bhaint amach in 2024 trí thacú leis an líon is mó grúpaí pobail chun an méid maoinithe is mó riamh a fháil i Laois. Chuir LRP Laoise oiliúint ar fáil trí cheardlann mhaoinithe Deontais Chaipitil Spóirt ar fhreastail 70+ grúpa pobail uirthi. Chuir LRP Laoise tacaíocht 1 ar 1 ar fáil do ghrúpaí pobail ar fud Laoise lena n-iarraitais agus lena dtarraingt anuas. Cothóidh na tionscadail rathúla cur chuige comhtháite agus pleanáilte maidir le saoráidí a fhorbairt, rannpháirtíocht i spóirt a mhéadú, agus cáilíocht, inrochtaineacht agus sábháilteacht na n-áiseanna a fheabhsú. Idir 2020 agus 2024, bhí ról suntasach ag ceardlanna oiliúna agus forbartha acmhainne a chuir an LRP ar fáil i rath na ngrúpaí pobail i Laois, rud a chinntigh méadú ar mhaoiniú Caipitil Spóirt ó €1 milliún go €6 mhilliún, arb ionann é agus méadú 6 huaire. Rachaidh na tionscadail rathúla chun tairbhe do phobail áitiúla ar feadh na mblianta amach romhainn.

Liatroim

Déanann LRP Liatroma urraíocht ar dhá chuid de na Gradaim ‘Grá do d’áit chónaithe’ le Comhairle Contae Liatroma. Rinneadh 35 iontráil faoi na rannóga urraithe LRP. Bhí gearrliostú agus moltóireacht ar siúl thar thrí lá. Thug an comhordaitheoir LRP cuairt ar na 23 ghrúpa in éineacht le breitheamh seachtrach ar fud an chontae (trí Cheantar Bhardasacha). Ba dheis iontach é sin do LRP Liatroma dul i ngleic le 23 grúpa pobail, bualadh leis na hoibrithe deonacha, míniú a thabhairt ar cad a bhí le teacht san LRP, mar shampla oiliúint saor in aisce, cruinnithe iomlánacha agus imeachtaí. D’éirigh thar barr le hoíche na ngradam agus tugadh cuireadh do thriúr ball ó gach grúpa. Cothaíodh spiorad iontach pobail agus comhoibriú leis an gcomhairle ar an ócáid seo.

Luimneach

D’óstáil Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an Chomhdháil Náisiúnta um Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí in Óstán an Chladaigh i Luimneach ar an 17 agus 18 Deireadh Fómhair 2024. Ba cheiliúradh 10 mbliana ó bunaíodh LRPanna ar fud na hÉireann é an ócáid sin. Thug an chomhdháil le chéile 160 toscaire a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí pobail agus deonacha, eagraíochtaí cuimsithe sóisialta agus comhshaoil ó gach cearn den tír, chomh maith le hoifigigh údaráis áitiúil, ionadaithe tofa, agus lucht tacaíochta eile d’obair na LRPanna.

An Longfort

Rinne baill LRP an Longfoirt athbhreithniú agus nuashonrú ar a Ráitis Fise d’Fholláine Pobail do gach ceantar bardasach, le rannpháirtíocht láidir ó bhallghrúpaí. Úsáideadh na fiseanna athbhreithnithe sin ansin mar bhunús le sainorduithe toghcháin áitiúla gach CB. Le tacaíocht ó éascaitheoir in éineacht leis an Rúnaíocht agus leis an bhfoireann, d’fhorbair baill sainorduithe soiléire, dírithe ar an bpobal a scaipeadh ar gach iarrthóir toghcháin. Shínigh go leor iarrthóirí, lena n-áirítear roinnt a toghadh ina dhiaidh sin, do na gealltanais sin. Chinntigh an próiseas seo go ndeachaigh ionadaithe nuathofa isteach in oifig le sainordú soiléir óna bpobail, ag neartú cuntasachta agus ag réiteach an bhealaigh d’obair chomhoibríoch le LRP an Longfoirt chun tosaíochtaí comhroinnte a sheachadadh.

Lú

Agus toghcháin áitiúla agus náisiúnta á reáchtáil in 2024, chuir LRP Lú ceardlanna um Shaoránacht Ghníomhach ar fáil i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan araon, ag clúdach na n-ábhar seo a leanas: feidhmeanna rialtais áitiúil; cearta vótála; an tábhacht a bhaineann le vótáil agus le do ghuth a úsáid; cad é an clár toghthóirí agus conas clárú agus rannpháirtíocht ghníomhach an phobail, lena n-áirítear an LRP (an cuspóir, conas páirt a ghlacadh ann, conas tionchar a imirt ar bheartas agus ar chinntí áitiúla trí rannpháirtíocht leis an LRP). Bhí an-tóir ar na ceardlanna sin i measc phobail nua Lú agus mar thoradh air sin, chláraigh na rannpháirtithe agus vótáil siad den chéad uair.

Maigh Eo

Bhí Béal an Átha i gContae Mhaigh Eo ina iarrthóir don teideal Príomhchathair Eorpach um Obair Dheonach 2026 ag an Ionad um Shaorálaíocht Eorpach (CEV) atá lonnaithe sa Bhruiséil. Bhí sé ar cheann de thrí bhardas Eorpacha ar an ngearrliosta don teideal mór le rá. D’oibrigh Ceantar Bardasach Bhéal an Átha, in éineacht le LRP Mhaigh Eo, Oibrithe Deonacha Éireann, Ionad Deonach Mhaigh Eo agus Béal an Átha 2023 le chéile chun an t-ainmniúchán a fháil. Agus é ag labhairt faoin bhfógra, dúirt Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal an Átha, “Tá ríméad orainn a bheith mar iarrthóir do Phríomhchathair Obair Dheonach na hEorpa 2026. Is deis iontach í seo do Bhéal an Átha agus don réigiún máguaird aitheantas a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh ar éiteas Mheitheal⁴ agus ar láidreacht na hoibre deonaí pobail atá ann anseo.” Dúirt Ceannasaí Cheantar Bardasach Bhéal an Átha “Tá os cionn 130 grúpa agus eagraíocht phobail agus dheonacha againn mar bhaill LRP Mhaigh Eo i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha leis féin”. Dúirt Comhordaitheoir LRP: “Táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun leanúint ar aghaidh ag forbairt cláir dheonacha sa cheantar seo trí mholtaí an Treoirphlean don Obair Dheonach Eorpach 2030 (BEV2030) agus chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i mBéal an Átha a chur i bhfeidhm.”

4 <https://www.maryrobinsoncentre.ie/meitheal.html>

Bhí ríméad ar Phríomhfheidhmeannach Oibrithe Deonacha na hÉireann iarrthóireacht Bhéal an Átha a fheiceáil, “Tá pobal deonach gníomhach agus bríomhar ag Ceantar Bardasach Bhéal an Átha. Trí naisc a fhorbairt ar fud áiteanna eile san Eoraip, tá an deis ann cur chuige agus eolas a roinnt agus naisc a chruthú le pobail dheonacha eile ar fud na hEorpa chun cláir a chur ar fáil, rud a rachadh chun tairbhe don réigiún agus go náisiúnta.” Ba é Maia sa Phortaingéil an buaiteoir sa deireadh.

An Mhí

Ba phríomhriachtanas é forbairt grúpaí nasctha a aithníodh ag seisiún iomlánach 2022, áit ar thug ballghrúpaí aiseolas suntasach ar struchtúir LRP na Mí. Ceapadh éascaitheoir neamhspleách chun grúpaí nasctha a fhorbairt, agus iad ag teacht le scéim SPC reatha agus le coistí eile. Tar éis na dtoghchán áitiúil, fuarthas lonadaithe nua LRP ó struchtúr an ghrúpa nasctha agus líonadh gach post folamh. Struchtúr tábhachtach a chumasaíonn guth an phobail a thabhairt chuig táblaí cinnteoireachta.

Muineachán

I mí na Samhna 2024, d’óstáil an rannóg LRP agus pobail sa Chomhairle imeacht faisnéise “Bí Cliste ó thaobh Maoinithe de in 2025” dár ngrúpaí pobail go léir. Ghlac os cionn 120 grúpa páirt agus cuireadh eolas ar fáil faoi scéimeanna maoinithe, an próiseas iarratais ar dheontais, an tábhacht a bhaineann le bheith cláraithe leis an LRP chun sonraí teagmhála cothrom le dáta a chinntiú, conas a bheith réidh le hiarratas ar mhaoiniú a chur isteach agus go leor eile! Tugadh cur i láthair freisin ar “Conas Pobal Rathúil a Fhorbairt” agus tugadh cuireadh do ghrúpa pobail seanbhunaithe cur i láthair a dhéanamh ar a dtaithí ar mhaoiniú agus a gcuid eolais a chur ar aghaidh chuig grúpaí eile. Ina dhiaidh sin bhí seisiún Ceisteanna & Freagraí ann agus seisiún líonraithe do ghrúpaí pobail chun labhairt le foireann na comhairle maidir le deiseanna maoinithe agus thug sé deis do na grúpaí coinní a shocrú chun bualadh le foireann na comhairle agus tuilleadh eolais a fháil. Cuireadh seisiún ar líne ar fáil níos déanaí sa bhliain dóibh siúd nach raibh in ann freastal ar an seisiún pearsanta.

Uíbh Fhailí

